



An Roinn Oideachais
Department of Education

Plean Freagartha COVID-19 maidir le feidhmiú sábháilte agus inbhuanaithe Bunscoileanna agus Scoileanna Speisialta

Clár

- 1) Réamhrá
- 2) Cad é Plean Freagartha Scoile COVID-19?
- 3) Polasaí na Scoile maidir le COVID-19
- 4) Pleanáil agus ag Ullmhúchán chun Filleadh ar Scoil
 - 4.1) Oiliúint Ionduchtaithe
 - 4.2) Nós Imeachta chun Filleadh ar Obair (NIFO)
 - 4.3) Príomhionadaí Oibrithe (PO)
 - 4.4) Comharthaíocht
 - 4.5) Leagan amach na scoile a athrú
 - 4.6) Sábháilteacht agus Measúnú Riosca a nuashonrú
 - 4.7) Rochtain ar Loga na Scoile agus Rochtana
- 5) Bearta Rialaithe - Chun Tabhairt Isteach agus Leathadh Covid-19 i Scoileanna a chosc
 - 5.1) Síomptóim Covid-19 a aithint
 - 5.2) Sláinteachas Anála
 - 5.3) Sláinteachas Láimhe
 - 5.4) Scaradh Sóisialta
 - 5.5) Úsáid PPE i Scoileanna
- 6) Tionchar COVID-19 ar imeachtaí áirithe i scoileanna
- 7) Sláinteachtas agus Glantachán i Scoileanna
- 8) Ag Déileáil le Cás Amhrasta
- 9) Riachtanais Speisialta Oideachais
- 10) Dualgais Foirne
- 11) Bainistiú Neamhláithreachta
- 12) Clár um Chúnamh agus Fholláine Fostaithe

Is doiciméad beo é seo agus d'fhéadfaí athbhreithniú a dhéanamh air agus é a leasú chun treoir nua ó www.Gov.ie, www.dbei.ie, www.hse.ie, www.hpssc.ie, www.hsa.ie; www.education.ie nó comhaontuithe le comhpháirtithe oideachais mar is cuí le haghaidh bunscóileanna agus scoileanna speisialta chur san áireamh.

Aguisíní

Aguisín 1	Teimpléad Ráitis um Pholasaí Scoile maidir le COVID-19
Aguisín 2	Foirm um Fhilleadh ar Obair (FO)
Aguisín 3	Príomhionadaí Oibrithe
Aguisín 4	Measúnú Riosca
Aguisín 5	Loga Rianaithe Teagmhála Scoile
Aguisín 6	Seicliosta le haghaidh Bainisteoirí Scoileanna
Aguisín 7	Seicliosta chun Déileáil le Cás Amhrasta do COVID-19
Aguisín 8	Seicliosta le haghaidh Príomhionadaí Oibrithe
Aguisín 9	Seicliosta Glantacháin

1) Réamhrá

Is gá athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Freagartha COVID-19 maidir le feidhmiú sábháilte agus inbhuanaithe Bunscoileanna agus Scoileanna Speisialta lena chinntiú go gcomhlíonann sé Athléimneacht agus Athshlánú an Rialtais 2020-2021: Plean Maireachtála le COVID-19 i gcomhréir leis an 'Prótacal um Obriú go Sábháilte' arna bhforbairt ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus ag an Roinn Sláinte le doiciméid treorach arna soláthar ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (USS). Is leagan athbhreithne é an 'Prótacal um Oibriú go Sábháilte' den Prótacal um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte' agus cuimsíonn sé go leor eioimintí agus gnéithe den treoir bhunaidh ach déantar é a nuashonrú chun an chomhairle is déanaí a d'eisigh an Rialtas agus an Fhoireann Éigeandála Sláinte Náisiúnta (NPHE) a léiriú chun scaipeadh COVID-19 san ionad oibre a laghdú.

Ní mór Plean Freagartha COVID-19 a bheith ag gach ionad oibre. Ionaid foghlama agus oibre araon is ea scoileanna. Leagtar amach sa doiciméad seo an t-eolas a theastaíonn ó bhunscoileanna chun athbhreithniú a dhéanamh ar a bPlean Freagartha Scoile COVID-19, lena n-áirítear beartas COVID-19, príomhionadaí oibrithe agus próiseas chun déileáil le cás COVID-19 a mheastar a bheith ann.

Is é is cúis leis an doiciméid seo treoir shoiléir chuidiúil a sholáthar maidir le hoibriú sábháilte trí COVID-19 a chosc, a bhrath go luath agus a smachtú i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta. Tugtar príomhtheachtaireachtaí ann chun riosca COVID-19 a íoslaghdú don fhoireann, do dhaltaí, do theaghlach agus don phobal go ginearálta agus ag an am céanna aithnítear ann an tábhacht a bhaineann leis an oideachais do shláinte agus folláine na ndaltaí agus na sochaí ina hiomláine.

Dírítear sa doiciméad seo ar na céimeanna praiticiúla is féidir a chur i bhfeidhm i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta chun an riosca a íoslaghdú go dtabharfaí ionfhabhtú isteach i scoileanna agus ag an am céanna a aithint nach bhfuil aon ghníomhaíocht idirphearsanta ann gan riosca go ndéanfar an t-ionfhabhtú a tharchur ag am ar bith. Tacaítear leis an gcáipéisíocht agus na teimpléid sa leabhrán seo tríd an gcomhairle sláinte poiblí a thagann ón Ionad Faireachais um Chosaint Sláinte (HPSC) maidir le hathoscailte scoileanna agus áiseanna oideachais go sábháilte. Tá an tuairisc sin ar fáil [anseo](#).

Fuarthas tuilleadh comhairle ón HPSC maidir le húsáid clúdaigh aghaidhe sa suíomh oideachais ar an 6ú Lúnasa 2020. Tá an chomhairle sin ar fáil [anseo](#).

Príomhdhúshlán atá ann an riachtanas chun leibhéal praiticiúil agus airdill a bhaint amach agus timpeallacht thacúil teagaisc agus foghlama a sholáthar ag an am céanna. Aithnítear sa doiciméad seo na céimeanna is féidir le scoileanna a ghlacadh chun gach rud praiticiúil a dhéanamh gan COVID-19 a thabhairt isteach sa scoil agus na

céimeanna is féidir a ghlacadh chun an dóchúlacht go scaipfead laistigh den scoil féin a laghdú.

D'oibrigh an Roinn go dícheallach leis na comhpháirtithe oideachais chun pleananna, comhairle, prótacail agus treoir chomhsheasmhach a fhorbairt do scoileanna, lena n-áirítear plean Freagartha Scoile COVID-19. Tá sraith caipéisíochta ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do scoileanna leanúint ar aghaidh ag oibriú go sábháilte agus go hiomlán, lena n-áirítear treoir faoin bhfoghlaim, clár scoile agus folláine don scoilbhliain 2020/21. Tá eolas ann freisin faoi mhaoiniú, chúrsaí foirne agus acmhainní i scoileanna chun tacú le bearta COVID-19. Cuirtear comhairle ar scoileanna eolas a chur ar na doiciméid seo. Beidh na doiciméid uile ar fáil ag gov.ie/backtoschool

2) Cad é Plean Freagartha Scoile COVID-19?

Ceapadh Plean Freagartha Covid-19 chun tacú leis an bhfoireann agus leis an mBord Bainistíochta (BOM) / Bord Oiliúna Oideachais (ETB) bearta a chur i bhfeidhm a bhfuil sé i gceist acu leathadh Covid-19 a chosc i dtimpeallacht na scoile.

Soláthraíonn an Plean Freagartha Covid-19 mionsonraí faoi na beartais agus na cleachtas atá riachtanach chun go gcomhlíonfaidh scoil *'Prótacal um Oibriú go Sácháilte'* an Rialtais, chun cosc a chur ar thabhairt isteach agus leathadh Covid-19 i dtimpeallacht na scoile.

Is den tábhacht go gcomhlíonfaidh teagasc agus foghlaim scoilbhunaithe agus oibriú áiseanna na scoile na doiciméid chomhairle agus treorach sláinte phoiblí atá ullmhaithe ag an Roinn. Má dhéantar é seo is amhlaidh gur lú an riosca do dhaltaí, don fhoireann agus do dhaoine eile. Tacaíonn an plean freagartha le hathoscailt inbhuanaithe na scoile agus tá sé mar phríomhchuspóir sláinte na foirne agus na ndaltaí a chosaint agus riachtanais oideachais agus forbartha na ndaltaí sa scoil a chur chun cinn ag an am céanna. Doiciméad beo atá sa phlean freagartha COVID-19 déanfar é a nuashonrú de réir na comhairle sláinte poiblí do bhunscoileanna agus do scoileanna speisialta de réir mar is cuí.

Ag teacht leis an bPrótacal um Oibriú go Sácháilte, tá cumarsáid láidir agus cur chuige comhoibritheach idir an B/BOO, an fhoireann, na daltaí agus na tuismitheoirí rithábhachtach chun scoil sácháilte a chaomhnú.

Tá géarghá le cuidiú agus le comhoibriú ó gach ball foirne, gach dalta, gach tuismitheoir, conraitheoirí agus cuairteoirí le go n-éireoidh leis an bplean amach anseo.

Tá gach iarracht á déanamh lena chinntiú go bhfuil an t-eolas sa doiciméad seo cruinn. Má thugtar faoi deara earráidí nó easnaimh, áfach, cuirtear sin in iúl dúinn ionas gur féidir linn sin a leasú.

3) Polasaí Scoile maidir le COVID-19

Tugann beartas COVID-19 achoimre ar thiomantas leanúnach na scoile an plean a chur i bhfeidhm agus cuidiú le cosc a chur le tabhairt isteach agus leathadh an víris. Síneoidh agus dátóidh cathaoirleach agus príomhoide an BB/BOO an polasaí agus cuirfear faoi bhráid na foirne, na ndaltaí, na dtuismitheoirí agus eile é. Is féidir teacht ar theimpléad polasaí scoile maidir le COVID-19 in ***Aguisín 1***.

4) Athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú sácháilte scoileanna

Tá sé i gceist ag an BB/BOO atosú an teagaisc agus na foghlama scoilbhunaithe agus filleadh na foirne ar an ionad oibre sácháilte a éascú. Ní mór oibriú scoileanna a dhéanamh go sácháilte agus ní mór cloí go dochta leis an gcomhairle maidir le sláinte phoiblí agus le treoir ar bith eistithe ag an Roinn Oideachais.

Tá mionsonraí maidir le hoibriú sácháilte na háise scoile agus na rialuithe is infheidhme leagtha amach sa doiciméad seo. Beidh ar gach scoil athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid próisis reatha lena chinntiú go gcuimsíonn siad na nithe seo a leanas:

- Socruithe le bheith cothrom le dáta maidir le comhairle sláinte poiblí, athruithe ar aon phleananna Rialtais maidir le maireachtáil le COVID-19 agus nuashonruithe ón Roinn Oideachais;
- Socruithe chun an fhoireann, daltaí, tuismitheoirí agus eile a chur ar an eolas in am cuí agus de réir mar is gá;
- Cinntiú go bhfuil athbhreithniú déanta ag an bhfoireann ar an ábhar oiliúna atá curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais (**sonraí i gCuid 4.1**);
- Teacht a bheith ag an bhfoireann ar an bhfoirm um Fhilleadh ar Obair (FO) (**sonraí i gCuid 4.2**);
- Príomhionadaí Oibríthe a bheith aitheanta (**sonraí i gCuid 4.3**);
- Póstaeir ar taispeáint agus comharthaíocht eile chun tabhairt isteach agus leathadh Covid-19 i scoileanna a chosc (**sonraí i gCuid 4.4**);
- Na hathruithe cuí ar leagan amach na scoile nó an tseomra ranga curtha i bhfeidhm más gá chun tacú le hathdhearadh seomraí rangaí chun cuidiú le scaradh sóisialta (**sonraí i gCuid 4.5**);
- Baineadh bearradh neamhriachtanach as chun glanadh leanúnach na scoile a éascú agus aire ar an tábhacht a bhaineann le hábhair oideachasúla a bheith ann chun timpeallacht foghlama spreagúil a chruthú;
- Nuashonrú a bheith déanta ar an measúnú sláinte agus riosca (**sonraí i gCuid 4.6**);
- Na socruithe is gá a bheith déanta chun srian a choinneáil ar an rochtain ar an scoil ag cuairteoirí riachtanacha agus taifid a choinneáil ar theagmhálaithe leis an scoil (**sonraí i gCuid 4.7**);
- Athbhreithniú déanta ar fhoirgnimh na scoile chun seiceáil a dhéanamh ar na nithe seo a leanas after any period of closure:
 - An gcaithfidh an córas uisce a shruthlú ag asraonta i ndiaidh úsáid íseal chun galar Legionella a chosc;
 - Ar seiceáladh trealamh scoile agus aeráil mheicniúil le haghaidh comharthaí meathlúcháin nó damáiste sula mbaintear úsáid arís astu;
 - Ar cuireadh tús le bruscar a bhailiú agus seirbhísí riachtanacha eile.

In Aguisíní an phlean seo tá seicliostaí ann chun cuidiú le scoileanna maidir le nithe áirithe atá riachtanach chun na socruithe seo a chur i bhfeidhm.

4.1) Oiliúint Ionduchtaithe

Tabharfaidh gach ball foirne faoi Oiliúint Ionduchtaithe Covid-19 agus cuirfidh siad i gcrích é sula bhfillfidh siad ar fhoirgneamh na scoile. Is é is cúis leis an oiliúint sin a chinntiú go bhfuil eolas agus tuiscint iomlán ag na baill foirne ar na nithe seo a leanas:

- An chomhairle agus an treoir is nuashonraithe maidir le sláinte phoiblí;
- Siomptóim Covid-19;
- Cad é ba chóir a dhéanamh má thagann siomptóim Covid-19 ar bhall foirne nó ar dhalta agus iad ar scoil;
- Achoimre ar phlean freagartha Covid-19.

Coinneofar an fhoireann ar an eolas go hiomlán faoi na bearta rialaithe atá i bhfeidhm sa scoil agus a ndualgais agus a bhfreagrachtaí maidir le leathadh Covid-19 a chosc agus tabharfar cothrom le dáta iad le haon athruithe ar na bearta rialaithe nó an treoir atá ar fáil ó na húdarais sláinte poiblí.

Má tá ball foirne ar bith ann nach bhfuil cinnte faoi aon chuid de Phlean Freagartha Covid-19, na bearta rialaithe a bhaineann leis, nó a chuid nó a cuid dualgas, ba cheart dó / di treoir a lorg ón bPríomhoide láithreach, príomhoide a dtacaíonn an BOM / ETB leis sa ról seo.

4.2) Nós Imeachta chun Filleadh ar Obair (NIFO)

Sula bhfillfeann siad ar an ionad oibre, ní mór don fhoireann foirm **Filleadh ar Obair (FO)** a chomhlánú, foirm atá ar fáil ar líne nó ón bpríomhoide. Tá cóip ar fáil ceangailte fosta ag **Aguisín 2**.

Ba chóir foirm FO a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an scoil roimh fillleadh ar an ionad oibre. Ba chóir do scoileanna a iarraidh ar bhaill foirne a dhearbú nach bhfuil aon athrú ar na sonraí san fhoirm un fhillleadh ar obair tar éis tréimhsí dúnta ina dhiaidh sin, amhail laethanta saoire scoile.

Cuirfidh an príomhoide mionsonraí ar fáil freisin faoin **Oiliúint Ionduchtaithe** atá le comhlánú ag an bhfoireann agus mionsonraí faoi aon bhearta sláinte agus sácháilteachta breise atá i bhfeidhm sa scoil chun fillleadh an bhaill foirne ar an áis scoile a éascú.

Tá roinnt ball foirne scoile nach mbeidh in ann filleadh ar scoil. Aithnítear de réir na dtreoirínte sláinte poiblí atá ann faoi láthair na daoine seo a bheith i ngrúpaí a shainítear a bhfuil **riosca an-ard** ag baint leo. Déanfar é seo a nuashonrú de réir na comhairle sláinte poiblí.

Daoine a bhfuil riosca an-ard ag baint leo (i mbaol mór):

Áirítear le daoine atá sna grúpaí a bhfuil riosca an-ard ag baint leo:

- daoine atá thar 70 bliain d'aois - fiú má bhíonn siad i mbarr na sláinte
- daoine ar aistríodh orgán dá gcuid
- daoine a bhfuil ceimiteiripe á cur orthu le haghaidh ailse
- daoine a bhfuil radaiteiripe á cur orthu le haghaidh ailse scamhóg
- daoine a bhfuil ailse fola nó na ailse smeara orthu mar leicéime, linfóma nó mialóma is cuma cén cóireáil atá á déanamh orthu
- daoine atá ag fáil imdhíteiripe nó cóireálacha leanúnacha antashubstaintí eile le haghaidh ailse
- daoine atá ag fáil cóireálacha ailse spriocdhírthe eile a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an gcóras imdhíonachta, mar choscóirí próitéine cionáise nó coscairí PARP
- daoine a fuair trasphlandú smeara nó gaschealla le 6 mhí anuas, nó atá fós ag glacadh drugaí frith-imdhíonachta
- daoine a bhfuil riochtaí riospráide troma orthu lena n-áirítear fiobróis chisteach, drochphlúchadh, fiobróis scamhógach, fiobróis scamhóg, galar scamhóg interstitial agus COPD dian
- daoine a bhfuil riocht orthu a chiallaíonn go bhfuil riosca an-ard acu ionfhabhtuithe a fháil (mar shampla SCID, corráncheall homaisigeach)
- daoine atá ag ag glacadh cógais a fhágann go bhfuil seans níos mó ann go dtiocfaidh ionfhabhtuithe orthu (mar shampla dáileoga arda stéaróidigh nó teiripí imdhíon-imdhíonachta)
- daoine a bhfuil riocht croí tromchúiseach orthu agus atá ag iompar clainne

Tá comhairle le haghaidh an ghrúpa seo ar fáil ón FSS. Tá mionsonraí faoin na socruithe oibre a bhaineann le baill foirne ardriosca, i gcomhréir leo siúd a bhaineann leis an tseirbhís phoiblí i gcoitinne, agus tá mionsonraí fúthu ar fáil i gclár ábhartha na Roinne Oideachais ar shuíomh Gréasáin na Roinne.

4.3) Príomhionadaí Oibríthe

Tá foráil sa Phrótocal le haghaidh Príomhionadaí Oibríthe (PO) a cheapadh i ngach ionad oibre. Beidh an PO ag obair leis an bhfostóir chun cuidiú le bearta a chur i bhfeidhm chun leathadh COVID -19 a chosc agus monatóireacht a dhéanamh ar an

méid atáthar ag cloí leis na bearta sin agus beidh ról aige maidir le comhairle sláinte maidir le COVID-19 a chur in iúl san ionad oibre.

Leagtar amach sa chuid seo an dóigh a gcuirfear na forálacha i bhfeidhm sna scoileanna. Thángthas ar chomhaontú go lárnach idir an Roinn Oideachais agus na páirtithe oideachais faoin bpróiseas chun príomhionadaí oibríthe i scoileanna.

Is ar an mBord Bainistíochta/Oideachais agus Oiliúna agus bainistíocht na scoile go príomha atá an fhreagracht as Plean Freagartha Covid-19 a fhorbairt, a nuashonrú agus a chur i bhfeidhm.

Tá tábhacht ollmhór ag baint le cumarsáid láidir agus cur chuige comhoibritheach chun scaip COVID-19 i scoileanna a chosc, agus chun aire a thabhairt do shláinte, sácháilteacht agus folláine na foirne agus na ndaltaí. Ní bhainfear cloí leis an bPrótacal um Obriú go Sácháilte amach ach amháin má dhéanann gach duine an fhreagracht a chomhroinnt agus na bearta atá sa Phrótacal a chur i bhfeidhm san áit oibre.

Má tá aon imní nó barúlacha ag ball foirne maidir le Plean Freagartha Covid-19, bearta rialaithe nó an dóigh le cloí leis na bearta sin ag baill foirne, daltaí nó daoine eile ba chóir dó / di teagmháil a dhéanamh leis an bpríomhoibrí / na hoibríthe a rachaidh i dteagmháil leis an bpríomhoide / BOM.

Ról an Phríomhionadaí Oibríthe (PO)

Go hachomair, is é ról an PO ná:

- Ionadaíocht a dhéanamh ar son an fhoireann ar fad san ionad oibre, beag beann ar an ról atá acu, agus a bheith ar an eolas ar na saincheistanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le cohóirt áirithe foirne;
- A bheith ag comhoibriú le bainistíocht na scoile chun sácháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe maidir le COVID-19 a chinntiú, a oiread agus is féidir;
- A bheith ar an eolas maidir leis an gcomhairle is déanaí ón Rialtas maidir le COVID-19;
- I gcomhpháirt le bainistíocht na scoile, dea-chleachtais sláinteachais a chur chun cinn ar nós lámha a ní go rialta agus dea-bhéasa anála a chothú chomh maith le scaradh sóisialta a choinneáil de réir chomhairle sláinte poiblí;
- Cabhrú le bainistíocht na scoile bearta rialaithe um chosc ar ionfhabhtú a chur i bhfeidhm chun COVID-19 a chur faoi chois san ionad oibre de réir an Phrótacail um Obriú go Sácháilte agus an chomhairle reatha maidir le sláinte poiblí;
- I gcomhpháirt le bainistíocht na scoile, monatóireacht a dhéanamh ar an méid atáthar ag cloí le bearta chun leathadh COVID-19 a chosc;
- Athbhreithnithe a dhéanamh go rialta ar bhearta sácháilteachta;

- Ábhar imní ar bith a thuairisciú láithreach do bhainistíocht na scoile agus taifid ar na ceisteanna sin agus na gníomhartha a glacadh chun dul i ngleic leo a choinneáil;
- Dul i gcomhairle le bainistíocht na scoile ar Phlean Freagartha COVID-19 sa chás ina dtagann COVID-19 ar dhuine agus iad ar scoil lena n-áirítear suíomh ionaid leithlise agus bealach sábháilteacht chuig an ionad sin;
- Tar éis aon eachtra, déan measúnú le bainistíocht na scoile ar aon ghníomh iarchúraim a theastaíonn;
- Dul i gcomhairle le comhghleacaithe ar cheisteanna maidir le COVID-19 san ionad oibre;
- Ionadaíocht a dhéanamh do bhainistíocht na scoile ar son a gcomhghleacaithe ar cheisteanna maidir le COVID-19 san ionad oibre.

Ceapfiadh gach scoil Príomhionadaí Oibríthe amháin

Beidh Leas-Ionadaí Oibríthe chomh maith le PO á cheapadh ag scoileanna ina bhfuil níos liú ná 30 bhail foirne. Is é ról an Leas-Ionadaí Oibríthe ná chun feidhmiú mar an PO nuair a bhfuil an PO as láthair.

Beidh Ionadaí Oibríthe Cúnta chomh maith le PO á cheapadh ag scoileanna ina bhfuil níos mó ná 30 bhail foirne agus ag gach scoil speisialta. Is é ról an Ionadaí Oibríthe Cúnta ná:

- chun cabhair a thabhairt don PO agus iad i mbun na dualgais thuasluaite; agus
- chun feidhmiú mar an PO nuair atá an PO as láthair.

<i>Ainm (neacha) Príomhionadaí Oibríthe;</i>	<i>Sonraí Teagmhála:</i>

Tá freagracht ar gach ball foirne, ar dhaltáí, ar thuismitheoirí, ar chonraitheoirí agus ar chuirteoirí mar dhaoine aonair agus i dteannta a chéile aird chuí a thabhairt ar a sláinte agus a sábháilteacht féin agus ar shláinte dhaoine eile agus cuidiú le cur i bhfeidhm an Phlean Freagartha Covid-19 agus an rialú gaolmhar ar bhearta maidir le cosc ionfhabhtaithe.

Tá iomlán na sonraí maidir leis na socrúithe a chuirfear i bhfeidhm maidir leis an PO i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta leagtha amach ag ***Aguisín 3***.

4.4) Comharthaíocht

Beidh ar scoileanna comharthaíocht a thaispeáint ar a léireofar comharthaí agus siomptóim COVID-19 agus tacú le sláinteachas maith láimhe agus riospráide.

Tá póstaer clóite curtha ar fáil ag an Roinn do scoileanna, le príomhtheachtaireachtaí sláinte atá fóirsteanach do leanaí - béasa níos álainn láimhe, sraotha agus casachta srl.

Féach an nasc thíos do na póstaer seo a ligfidh do scoileanna ar mian leo é soláthar breise póstaer a chur ar fáil. Is féidir soláthar ar bith den chineál seo a lorg ar bhonn áitiúil.

Féadfaidh scoileanna socruithe a dhéanamh chun na póstaer a thaispeáint in áiteanna tábhachtacha ar nós oifigí, pasáistí, seomraí foirne agus i leithris.

<https://www.education.ie/ga/An-Roinn/Fograí/comhairle-o-fss-maidir-le-coronavirus.html#1>

4.5) Leagan amach na scoile a athrú

Moltar scaradh fisiceach a choinneáil i bhfeidhm i dtimpeallacht na scoile mar cheann de na príomh bhearta um chosc ar ionfhabhtú an riosca COVID-19 a thabhairt isteach agus leathadh a íoslaghdú. Tá tuilleadh faisnéise faoin dóigh ar féidir scaradh sóisialta a úsáid i dtimpeallacht na scoile le fáil ag **Cuid 5.4** thíos lena n-áirítear nasc chuig samplaí agus íomhánna áirithe de leaganacha amac seomraí ranga (ranganna speisialta san áireamh).

Ba chóir do scoileanna seomraí ranga agus áiteanna eile sa scoil a athchumrú de réir mar is gá chun tacú le scaradh fisiceach de réir na dtreoirínte sula n-athosclaítear na scoileanna.

4.6) Measúnú Riosca Sláinte agus Sábháilteachta

Baol i dtimpeallacht na scoile atá in COVID-19 i gcomhthéacs na sláinte agus na sábháilteachta. Tá teimpléad maidir le measúnú riosca chun na bearta rialaithe atá ag teastáil chun riosca COVID-19 a mhaolú i suíomhanna scoile ceangailte ag **Aguisín 4**.

Is tábhachtach go ndéanann scoileanna athbhreithniú ar a nósanna imeachta éigeandála maidir le sácháilteacht ó dhóiteán, garchabhair, timpistí agus tarluithe contúirteacha chun aon rioscaí nua bhíonn ann mar gheall ar Phlean Freagartha COVID-19 na scoile a mheas. Ba cheart athrú ar bith maidir le nósanna imeachta éigeandála na scoile atá ann cheana a dhoiciméadú agus a thabhairt isteach mar chuid de ráiteas sácháilteachta na scoile.

Ba cheart do scoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar na measúnuithe riosca atá acu cheana féin chun aon rioscaí nua a bhíonn ann mar gheall ar Phlean Freagartha COVID-19 na scoile a mheas. Ba cheart athrú ar bith ar mheasúnuithe riosca reatha na scoile a dhoiciméadú agus a thabhairt isteach mar chuid de ráiteas sácháilteachta na scoile.

Nós Imeachta Éigeandála/Garchabhrach

Beidh an Nós Imeachta Éigeandála/Garchabhrach i bhfeidhm i scoileanna go fóill. I gcás éigeandála nó mar tharlaíonn eachtra thromchúiseach, ba cheart do scoileanna scairt a chur ar otharcharr nó ar an mbriogáid dóiteáin ar 112/999 ag tabhairt sonraí faoi shuíomh agus faoin chineál eachtra leighis a thit amach.

4.7) Rochtain ar Loga na Scoile agus Rochtana

Beidh rochtain ar fhoirgneamh na scoile de réir na nósanna imeachta comhaontaithe ag scoileanna.

Beidh socruithe do chuairteoirí riachtanacha ar nós conraitheoirí agus tuismitheoirí teoranta do chuspóirí riachtanacha agus teoranta dóibh siúd a gheobhaidh cead roimh ré ón bpríomhoide. D'fhéadfadh go mbeadh ar Chigireacht na Roinne Oideachais cuairt a thabhairt ar scoileanna agus ar ionaid oideachais chun tacú leo de réir mar is cuí maidir le cur i bhfeidhm comhairle sláinte poiblí a bhaineann le timpeallacht sácháilte foghlama agus oibre a chruthú do chách.

Is ríthábhachtach go n-aithnítear daoine aonair a d'fhéadfadh a bheith tógalach agus iad a aonrú ionas gur féidir srian a chur le leathadh an víris chun a sláinte agus sácháilteacht agus sláinte agus sácháilteacht bhaill foirne agus cuairteoirí eile agus conraitheoirí ar an ionad oibre a chosaint. Ba cheart loga síneadh isteach/amach dóibh siúd a théann isteach in áiseanna scoile a choinneáil. Ba cheart don scoil loga do lucht teagmhálaithe na foirne agus na ndaltaí a choinneáil. Tá loga samplach ar fáil in ***Aguisín 5.***

Tá treoir curtha ar fáil ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí maidir le himpleachtaí cosanta sonraí a bhaineann leis na prótacail maidir le filleadh ar obair. Is féidir teacht ar an gcomhairle anseo:

<https://www.dataprotection.ie/en/news-media/data-protection-implications-return-work-safely-protocol>

Cuirtear i gcuimhne do scoileanna go gcaithfear gach taifead agus sonraí scoile a choinneáil agus a phróiseáil de réir RGCS agus na nAchtanna um Chosaint Sonraí. Titeann sé ar gach scoil (nó BOO) cloí leis an reachtaíocht agus iad ag feidhmiú mar aonad rialaithe sonraí.

5) Bearta Rialaithe um Chosc ar Ionfhabhtaithe - Chun Tabhairt Isteach agus Leathadh Covid-19 i Scoileanna a Chosc

Is é ceann de phríomhtheachtaireachtaí chun rioscaí COVID-19 a bhainistiú ná gach rud praiticiúil a dhéanamh chun tabhairt isteach COVID-19 sa scoil a sheachaint. Mura dtagann ionfhabhtú isteach ní féidir leis leathadh. Tá an baol ann go scaipfear an t-ionfhabhtú nuair a thabharfar isteach é i ngach idirghníomhaíocht idirphearsanta; dalta le dalta, múinteoir le múinteoir agus múinteoir le dalta agus caithfear é sin a bhainistiú i ngach suíomh.

Cuireadh réimse de bhearta rialaithe riachtanacha i bhfeidhm chun an riosca go leathfar an víreas Covid-19 a laghdú agus chun sácháilteacht, sláinte agus leas foirne, daltaí, tuismitheoirí agus cuairteoirí a chosaint a oiread agus is féidir sa scoil. Leanfar de athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar na bearta rialaithe de réir mar is gá.

Is ríthábhachtach go mbeadh baill foirne, daltaí, tuismitheoirí agus cuairteoirí ar an eolas faoi na bearta rialaithe atá leagtha amach agus ní mór dóibh a bheith ag comhoibriú go hiomlán leis na riachtanais sláinte agus sácháilteachta go léir agus cloí leo dá réir.

Ní mór do bhaill foirne cuimhneamh go bhfuil oibleagáid dhlíthiúil orthu faoi Alt 13 den Acht um Shácháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 cloí le riachtanais sláinte agus sácháilteachta agus cúram réasúnach a ghlacadh maidir lena sláinte féin agus a sácháilteacht féin, agus sláinte a gcomhghleacaithe agus daoine san ionad oibre.

An dóigh leis an riosca a bhaineann le COVID-19 a thabhairt isteach i Scoileanna a Íoslaghdú:

Feasacht ar shiomptóim COVID-19 a chur chun cinn (**sonraí i gCuid 5.1**);

- Cuir comhairle ar bhaill foirne agus ar dhaltaí a bhfuil siomptóim orthu gan freastal ar scoil, glaoch a chur ar a ndochtúir agus cloí le treoir FSS maidir le féin-aonrú;
- Cuir comhairle ar bhaill foirne agus ar dhaltaí féin-aonrú nó a gcuid imeachtaí sa bhaile a shrianadh má thaispeánann siad aon chomharthaí nó siomptóm de COVID-19 agus dul i dteagmháil lena ndochtúir teaghlach chun tástáil a shocrú
- Cuir comhairle ar bhaill foirne gan filleadh nó freastal ar an scoil i gcás aon cheann de na nithe seo a leanas:
 - má cinneann an FSS gur dhlúth-theagmháil iad le cás dearbhaithe de COVID-19
 - má chónaíonn siad le duine a bhfuil siomptóim dhearfacha an viris orthu
 - Má tá taisteal déanta acu taobh amuigh d'Éirinn; i gcásanna mar sin moltar do bhaill foirne féachaint ar an gcomhairle is déanaí ón Rialtas maidir le taisteal ar an gcoigríoch.
- Cuir comhairle ar bhaill foirne agus ar dhaltaí a dtagann siomptóim orthu ar scoil chun é seo a chur in iúl don Phríomhoide láithreach;
- Cinntigh go bhfuil a fhios ag baill foirne agus ag na daltaí an prótacal chun cás amhrasta de COVID-19 a bhainistiú ar scoil (**sonraí i gCuid 8**);
- Comhairle a thabhairt don fhoireann agus do dhaltaí comhoibriú le haon oifigigh sláinte poiblí agus leis an scoil chun críocha rianaithe teagmhála agus le haon chomhairle sláinte phoiblí a ghlacadh maidir le cás nó ráige sa scoil;
- Ní mór do gach duine a théann isteach i bhfoirgneamh na scoile sláinteachas láimhe a dhéanamh le sláintitheoir láimhe;
- Ba cheart cuairteanna ar an scoil i rith an lae scoile a dhéanamh le socrú roimh ré agus ba cheart bualadh leo ag pointe teagmhála faoi leith;
- Ba cheart scaradh fisiceach (2m) a choinneáil idir na baill foirne agus na cuairteoirí nuair is féidir.

5.1) **Siomptóim Covid-19 a aithint**

Chun leathadh COVID-19 a chosc is tábhachtach eolas a bheith agat faoi na siomptóim agus iad a aithint. Is iad sin:

- ✓ Teocht ard
- ✓ Casacht
- ✓ Gearranáil
- ✓ Boladh nó blas a bheith caillte nó blas as riocht

Is féidir le breoiteacht, ó éadrom go trom agus, i gcásanna áirithe, a d'fhéadfadh sé a bheith marfach, teacht ón ionfhabhtú a bhaineann leis an víreas is cúis le COVID-19. D'fhéadfadh go dtógfadh sé suas le 14 lá sula mbíonn na siomptóim le feiceáil. D'fhéadfadh na siomptóim a bheith ar aon dul le [slaghdán](#) agus [fliú](#).

Áirítear i measc na siomptóm coitianta don choróinvíreas:

- fiabhras (teocht ard - 38 céim Celsius nó os a chionn)
- casacht nua - casacht de chineál ar bith, seachas casacht thirim amháin
- gearranáil nó deacrachtaí anála
- boladh nó blaiseadh caillte nó athraithe – ciallaíonn sé seo gur thug tú faoi deara nach féidir leat aon rud a bholadh nó a bhlaiseadh, nó nach bhfuil boladh nó blaiseadh rudaí mar a bhíonn de ghnáth.

Má tá aon cheann de ghnáthshiomptóim COVID-19 (coróinvíreas) agat, déan [féin-aonrú](#) (fan i do sheomra) agus glaoigh ar an dochtúir teaghlaigh ar an bpointe le fáil amach an bhfuil gá agat le [tástáil COVID-19](#). Beidh ar dhaoine eile i do theaghlach [srian a chur lena ngluaiseachtaí](#) (fanacht sa bhaile).

Nuair a fhaightear diagnóis go luath, is féidir leat an cúnamh a bhíonn de dhíth ort a fháil agus céimeanna a ghlacadh chun cosc a chur le scaipeadh an víris, má bhíonn sé agat.

Chun breathnú ar liosta iomlán na siomptóm, féach [láithreán gréasáin](#) FSS.

Aip rianúcháin COVID-19

Is aip don fhón póca atá saor in aisce agus éasca a úsáid í aip rianúcháin COVID-19 a dhéanfaidh na nithe seo a leanas:

- tú a chur ar d'airdeall má bhí tú i [ndlúth-theagmháil](#) le duine ar a ndearnadh tástáil dhearfach maidir le COVID-19 (coróinvíreas)
- úsáideoirí eile na haipse a choinneáil sácháilte trí iad a chur ar a n-airdeall má dhéantar tástáil dhearfach ort féin maidir le COVID-19
- comhairle a chur ort ar cad ba cheart duit a dhéanamh má tá siomptóim ort

Is féidir leat an aip a íoslódáil saor in aisce ó [Apple's AppStore](#) nó ó [GooglePlay store](#)

5.2) Sláinteachas Anála

Déan cinnte de go leanann tú, agus na daoine atá thart ort, sláinteachas anála maith. Ciallaíonn sé seo do bhéal agus do shrón a chlúdach le ciarsúr nó casacht agus sraoth a ligean ar d'uilinn agus í crochta. Ansin faigh réidh leis an gciarsúr úsáidte láithreach agus go sácháilte i mbocsa bruscair in aice lámhe.

Má leanann tú sláinteachas anála maith, cosnóidh tú na daoine atá thart ort ó víris ar nós slaghdáin, fliú agus Covid-19.

5.3) Sláinteachas Lámhe

Ba cheart go dtuigfeadh baill foirne agus daltaí an fáth a bhfuil sláinteachas lámhe tábhachtach agus an uair agus an dóigh lena lámha a ní.

Ba cheart go gcuirfeadh scoileanna sláinteachas maith chun tosaigh agus póstaer a thaispeáint ar fud na scoileanna faoin dóigh le lámha a ní. Lean treoracha FSS ar lámha a ní:

<https://www2.hse.ie/wellbeing/how-to-wash-your-hands.html>

Is féidir sláinteachas lámhe a dhéanamh trí lámha a ní nó díghalrán lámhe a úsáid (nuair a bhíonn cuma ghlas ar na lámha).

Caithfear bainistíocht a dhéanamh ar úsáid áiseanna sláinteachais lámhe lena n-áirítear báisíní níocháin chun go seachnófar scuainí daltaí agus foirne atá ag fanacht le báisíní níocháin lámhe agus díghalrán lámhe a úsáid.

Ní mór rochtain a bheith againn ar shaoráidí níocháin lámhe i ndiaidh gníomhaíochtaí ar dóigh dóibh lámha a shalú, ar nós imirt lasmuigh nó gníomhaíochtaí spóirt áirithe mar nach n-oibríonn sláintitheoir lámhe ar lámha salacha.

Is féidir úsáid níos éasca a bhaint as dáileoirí sláintíochta lámhe ag pointí imeachta agus iontrála scoileanna agus seomraí ranga agus ba chóir a bheith cúramach aon doirteadh sláintíochta lámhe a ghlanadh chun rioscaí go dtitfeadh daoine a laghdú.

Is fearr uisce te ná uisce fuar agus lámha á ní ach mura dtagann as an gcóras pluiméireachta as uisce fuar, ba chóir gallúnach a eiblíonn gan stró in uisce fuar a úsáid.

Ba chóir báisíní níocháin lámhe, uisce reatha, gallúnach leachtach agus áiseanna triomú lámhe a chur ar fáil i ngach leithreas, cistin agus aon áit ina ndéantar bia a ullmhú.

Ba cheart áiseanna níocháin lámhe a choinneáil go maith agus ba cheart an méid gallúnach agus tuáillí atá ar fáil a líonadh suas go rialta chun gach duine a spreagadh chun iad a úsáid.

Is rogha eile inghlactha iad triomadóirí aer te le haghaidh triomú lámhe ach caithfear iad a chothabháil go rialta. Ní léir go bhfuil baint ag triomadóirí lámhe le riosca méadaithe tarchuir COVID-19.

Ba chóir póstaer ar a dtaispeántar teicnící chun lámha a ní agus a chuireann níocháin lámhe chun cinn a chrochadh ar bhallaí in aice le háiseanna níocháin agus is féidir iad a lannú nó a chur i muinchille plaisteach.

Tá sláintitheoir lámhe oiriúnach le húsáid le haghaidh sláinteachas lámhe nuair nach bhfuil na lámha salacha le feiceáil (cuma ghlan orthu).

Is fearr fianaise ar éifeachtúlacht a thabhairt do shláintitheoir lámhe atá bunaithe ar alcól ach is féidir unghaí úsáid a bhaint as unghaí lámhe nach bhfuil bunaithe ar alcól freisin.

Nuair a bhíonn umghaí lámhe / glóthacha á n-úsáid i gcúram scoile ba chóir cúram a ghlacadh chun a chinntiú nach ndéanann na daltaí iad a shlogadh toisc go bhfuil siad inadhainte agus tocsaineach. Níor chóir díghalráin alcóil-bhunaithe a stóráil nó a úsáid gar do theas nó do lasair gan chosaint.

Níor cheart go mbainfeadh leanaí óga úsáid as coimeádáin de fhoirmiú alcóil go neamhspleách.

Minicíocht Sláinteachais Lámhe

Ba cheart do dhaltaí agus do bhaill foirne agus do dhaltaí sláinteachas a dhéanamh ar na lámha:

- Ar theacht ar scoil dóibh;
- Sula n-itheann siad nó sula n-ólann siad;
- I ndiaidh dóibh dul chuig an leithreas;
- I ndiaidh dóibh a bheith ag súgradh lasmuigh;
- Nuair a bhíonn a lámha salach;
- Nuair a dhéanann siad castacht nó sraoth.

Tá socrú déanta ag an Roinn go mbunófar creat íostarraingthe le cur ar chumas scoileanna díghalráin lámhe agus aon soláthairtí TCP riachtanacha eile a cheannach le húsáid sa scoil. Cuirfidh an Roinn maoiniú ar fáil do na costais a bhaineann le sláintíocht lámhe agus riachtanais TCP i scoileanna.

5.4) Scaradh Fisiceach

Féadtar an scaradh fisiceach a chur i bhfeidhm go húsáideach i mbunscoileanna agus is scoileanna speisialta, rud a fhágann go mbeidh roinnt solúbthachta ann nuair is gá. Ní mór é a chur i bhfeidhm ar bhealach praiticiúil chun a aithint nach féidir fócas a d'fhéadfadh níos mó dochair ná sochar a dhéanamh ar an timpeallacht foghlama. Beidh cuma dhifriúil ar scaradh fisiceach ar fud na n-aoisghrúpaí áirithe agus na gcéimeanna éagsúla foghlama. Ba cheart a bheith cúramach chun teannas nó coinbhleacht a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint agus b'fhéidir go mbeadh solúbthacht ag teastáil ó am go céile chun na bearta a chur i bhfeidhm.

Aithnítear freisin nach féidir i gcónaí an fhoireann scaradh fisiceach a choinneáil ó dhaltaí agus níl sé oiriúnach go mbeifí ag súil leo i gcónaí nuair a d'fhéadfadh sé seo drochthionchar a imirt ar an dalta ie má bhaineann gortú de leanbh agus garchabhair ag teastáil dá bharr.

Mar sin féin, nuair is féidir ba chóir don fhoireann achar 1m ar a laghad a choinneáil agus 2m más féidir. Ba cheart dóibh bearta a dhéanamh freisin chun dlúth-theagmháil a sheachaint ag leibhéal aghaidh ar aghaidh cosúil le fanacht ina seasamh seachas suí in aice leis / ag cromadh síos.

Titeann an scaradh fisiceach isteach i ndá chatagóir:

- Scaradh a mhéadú
- Teagmháil a laghdú

Scaradh a mhéadú

Ba cheart do scoileanna na doiciméid treorach a chuireann an Roinn Oideachais ar fáil maidir leis an leagan amach scoile is fearr agus a luaitear i **gCuid 4.5** thuas a úsáid chun scaradh a mhéadú chomh mór agus is féidir.

Chun fadú fisiceadh a choinneáil sa seomra ranga, ba cheart do bhunscoileanna agus scoileanna speisialta:

1. Seomraí ranga a leagan amach in athuair chun fadú fisiceach a uasmhéadú
2. An spás uile atá ar fáil sa scoil a úsáid agus a leagan amach in athuair chun fadú fisiceach a uasmhéadú

Chun tacú le bunscoileanna agus le scoileanna speisialta maidir le fadú fisiceach a chur i bhfeidhm sa seomra ranga, d'fhorbair an Roinn sraith leagan amach léiritheach seomra ranga de roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann (socruithe do ranganna speisialta ina measc) atá de réir na comhairle sláinte poiblí, agus ina nglactar leis...

- Troscán, seilfeanna, srl ar na ballaí a thabhairt amach as seomraí
- Éagsúlacht de mhéideanna na seomraí.

[Tá nasc chuig an sraith leagan amach léiritheach seomra ranga le fáil anseo.](#)

[Tá nasc chuig leagan amach léiritheach ranganna speisialta le fáil anseo.](#)

Cuireadh maoiniú ar fáil faoin deontas feabhsaithe mionoibreacha chun na hoibreacha athchumraíochta seomra ranga seo a éascú.

Ba chóir go mbeadh deasc an mhúinteora 1m ar a laghad agus 2m ar shiúl ó deasca na ndaltaí más féidir.

Teagmháil a laghdú

Beidh an méid agus a d'fhéadfaí idirghníomhaíocht a laghdú i mbunscoil nó i scoil speisialta ab brath ar shuíomh na scoile agus beidh cur chuige ciallmhar ag teastáil ina n-aithnítear teorainneacha ar féidir é seo a bhaint amach idir daltaí.

I mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta ba chóir achar 1m a choinneáil idir deascaí nó idir daltaí aonair. Aithnítear nach dócha go gcoinneoidh leanaí níos óige fadú fisiceach agus iad i bhfoirgneamh na scoile. Mar sin de, ní réamhriachtanas é an moladh seo a bhaint amach sa chéad cheithre bliana de bhunscoileanna nó de scoileanna speisialta chun bunscoil nó scoil speisialta a athoscailt do gach dalta.

Nuair is féidir ba chóir stáisiúin oibre a thabhairt ar bhonn comhsheasmhach do na baill foirne agus leanaí céanna in áit spásanna a bheith ann atá comhroinnte.

D'fhéadfaí an riosca ionfhabhtaithe a laghdú trí dhaltaí agus a múinteoirí a struchtúru i mBoilgeoga Ranga (ie grúpáil ranga a fhanann scartha ó ranganna eile a oiread agus is féidir) agus grúpaí faoi nó "Meithleacha" laistigh de na boilgeoga ranga sin, nuair a bhíonn sé seo praiticiúil.

Má dhéantar an rang a roinnt ina Meithleacha, ba chóir go mbeadh (achar 1m) ar a laghad idir Podanna aonair laistigh den Bhoilgeog Ranga agus idir dhaoine aonair sa mheitheal, nuair is féidir.

Tá sé i gceist go ginearálta teagmháil agus comhroinnt áiseanna comónta a theorannú idir daoine i mBoilgeoga Ranga áirithe (agus Meithleacha laistigh de na Boilgeoga Ranga sin) a oiread agus is féidir, seachas gach teagmháil idir Meithleacha a sheachaint, mar ní bheifear in ann an dara ceann a dhéanamh i dtólamh.

Is é is cuspóir leis an gcóras laistigh den scoil nach meascann grúpáil ranga ach lena rang féin ó thús an lae scoile go deireadh an lae scoile. Bearta sa bhreis is ea na Meithleacha sna Boilgeoga Ranga sin chun méid na dlúth-theagmhála laistigh den Bhoilgeoig Ranga a theorannú.

Ba chóir méideanna meithle a choinneáil chomh beag agus is dóigh a bheidh réasúnta praiticiúil i gcomhthéacs sonrath an tseomra ranga.

A mhéid is féidir, ba chóir go mbeadh na daltaí agus an fhoireann teagaisc sna Boilgeoga Ranga céanna go comhsheasmhach cé nach mbeifear in ann é sin a dhéanamh i gcónaí.

Ba cheart go mbeadh sosanna agus amanna béile nó áiteanna faoi leith ag Boilgeoga Ranga éagsúla ag am sosa nó béile (nó d'fhéadfadh sé seo a bheith ina mblianta difriúla ranga ie Dara Rang, Tríú Rang, srl.)

Ba cheart roinnt ábhar oideachasúil idir Meithleacha a sheachaint / a íoslaghdú nuair is féidir.

Ba chóir go mbeadh teorainn leis na baill foirne a aistríonn ó bhoilgeog ranga go boilgeog ranga eile a oiread agus is féidir.

Áirítear leis na bearta breise chun idirghníomhaíocht a laghdú:

Teorainn a chur le hidirghníomhaíocht ar theacht agus imeacht agus i hallaí agus i limistéir chomhroinnte eile.

Ba cheart cur in aghaidh teagmháil fhisiceach shóisialta (beannachtaí ó lámh go lámh, croíthe isteach).

Nuair a chaithfidh daltaí bogadh timpeall sa seomra ranga chun gníomhaíochtaí a dhéanamh (rochtain a fháil acmhainn chomhroinnte) ba chóir é a eagrú a mhéid is féidir ionas nach dtagann barraíocht le chéile ag an acmhainn chomhroinnte.

Níor chóir don fhoireann agus do dhaltaí míreanna pearsanta a roinnt.

Cuir in iúl do na daltaí chun iompraíochtaí a mbíonn teagmháil láimhe go béal leo a sheachaint (pinn / pinn luaidhe a chur sa bhéal).

Sa chás ina mbíonn méarchláir nó táibléid i gceist le haghaidh teagaisc agus foghlama, ba chóir dromchla teagmhála na feiste a ghlanadh go rialta agus sláinteachas láimhe a chur in iúl.

Fad Fisiceach lasmuigh den seomra ranga agus sa scoil

Daltaí a fhágáil ón scoil/ a bhailiú ón scoil

Ba chóir socruithe a dhéanamh chun daltaí a ligean amach / a bhailiú chun fadú fisiceach 2m a spreagadh nuair is féidir.

Ba chóir siúl / rothaíocht chun na scoile a spreagadh a oiread agus is féidir.

Ba chóir socruithe a dhéanamh chun achar 2m a choinneáil idir tuismitheoirí agus caomhnóirí agus idir tuismitheoirí agus caomhnóirí agus foireann na scoile.

Is é aidhm aon socruithe ná teacht le chéile daoine ag geataí na scoile a sheachaint i gcás nuair a bheidh sé doiligh orthu fadú fisiceach a dhéanamh

Ba cheart amanna fágála / bailithe agaithe a mheas nuair is praiticiúil agus indéanta.

Má tá pointí rochtana breise ag scoileanna, féadfar machnamh a dhéanamh an féidir iad a úsáid chun róphlódú a laghdú.

Ba cheart machnamh a dhéanamh ar an áit a dtagann daltaí le chéile nuair a bhaineann siad an scoil amach. D'fhéadfadh siad dul go díreach chuig an spás foghlama/ seomra ranga a cuireadh ar fáil dá ngrúpa beag féin.

Foireann

Moltar don fhoireann achar 2m a choinneáil eatarthu féin le haghaidh scaradh fisiceach. Tá sé seo ábhartha go háirithe maidir le fadú idir daoine fásta nuair nach mbíonn siad ag teagasc agus in áiteanna ar nós an tseomra foirne agus iad ag teacht ar obair.

Murar féidir 2m a choinneáil i ngrúpaí foirne, ba cheart an fad agus is féidir agus treoir nuashonraithe ar chlúdach aghaidhe a chomhlíonadh.

Ba cheart cloí le fadú fisiceach idir baill foirne sa seomra foirne trí shosanna agaithe srl a úsáid.

Ba chóir cruinnithe foirne a reáchtáil ó chian nó i ngrúpaí beaga nó i spásanna móra chun fadú fisiceach a éascú.

Polasaí gan croitheadh láimhe a chur i bhfeidhm.

Íoslachdaigh bailiú le chéile baill foirne ag tús nó ag deireadh an lae scoile.

Is féidir leis an bhfoireann sealaíocht a dhéanamh idir réimsí / ranganna ach ba cheart é seo a íoslachdú nuair is féidir.

Bialann

Déan cinnte de go mbíonn fadú fisiceach i bhfeidhm in áiseanna bialanna.

Déan úsáid na bialainne a agú agus leathnaigh uaireanta freastail le teacht le grúpáil ranganna.

Cuir i bhfeidhm córas bainistithe scuainí.

Déan cinnte de go níonn daltaí a lámha sula dtéann isteach sa bhialann agus i ndiaidh dóibh an bhialann a fhágáil.

Pasáistí agus Staighre

Is dócha nach gcuirfidh teagmháil ghairid le duine i halla go mór le leathadh an ionfhabhtaithe mura mbíonn teagmháil fhisiceach idir daoine agus plé neamhfhoirmiúla grúpa a sheachaint.

Clós/ Maoirseacht

Tá go leathfar an galar mar gheall ar theagmháil le dromchlaí seachtracha nó áiteanna súgartha íseal.

Athraigh am súgartha / gníomhaíochtaí lasmuigh chun an slua ag an mbealach isteach agus na bealaí amach a íoslaghdú.

Ní féidir scaradh fisiceach a choinneáil nuair a bhíonn daltaí i mbunscoileanna nó i scoileanna speisialta ag súgradh le chéile lasmuigh, ach tá sé ina chuidiú cloí leis na grúpaí céanna a oiread agus is féidir.

Déan amanna sosa agus rochtain ar an taobh amuigh a agú.

Ba chóir leanaí a spreagadh chun sláinteachas láimhe a dhéanamh roimh agus tar éis gníomhaíochtaí lasmuigh.

Íoslaghdaigh comhroinnt trealaimh agus ní trealamh comhroinnte idir daoine áirithe iad a úsáid.

Aeráil

Tá treoir foilsithe ag an Roinn a leagann amach na céimeanna praiticiúla maidir le haeráil mhaith i gcomhréir le sláinte poiblí ' *Céimeanna Praiticiúla chun Dea-Chleachtais Aerála a Úsáid i Scoileanna*' Leagann an treoir amach cur chuige foriomlán do scoileanna gur chóir go mbeadh fuinneoga ar oscailt chomh hiomlán agus is féidir nuair nach bhfuil seomraí ranga in úsáid (m.sh. le linn am sosa nó ag am lóin (ag glacadh leis nach bhfuil siad in úsáid) agus ag deireadh gach lae scoile freisin) agus oscailte go páirteach nuair atá seomraí ranga in úsáid. Tá foráil sa treoir gur féidir aeráil mhaith a bhaint amach i seomraí ranga gan míchompord a chruthú, go háirithe le linn aimsir fhuar.

5.5) Úsáid PPE i Scoileanna

D'fhoilsigh an Roinn "[Treoir do Bhunscoileanna agus do Scoileanna Speisialta maidir le TCP, tomhaltáin agus trealamh](https://www.gov.ie/backtoschool)" ar [gov.ie/backtoschool](https://www.gov.ie/backtoschool). Soláthraíonn sé seo an t-eolas a theastaíonn ó scoileanna faoi na cainníochtaí cuí d'earraí inchaite agus trealamh TCP chun tacú le hathoscailt iomlán sácháilte na scoileanna.

Moladh sa chomhairle nuashonraithe ón LFCS don Roinn Oideachais gur chóir do bhaill foirne clúdaigh aghaidhe a chaitheamh i gcás nach féidir achar fisiceach 2 mhéadar a choinneáil ó bhaill foirne eile, ó thuismitheoirí, ó chuiditheoirí riachtanacha nó daltaí. Ghlac An Roinn leis an moladh seo. Mar sin de, tá sé riachtanach do bhaill foirne clúdaigh aghaidhe a chaitheamh i gcás nach féidir achar fisiceach 2 mhéadar a choinneáil ó bhaill foirne eile, ó thuismitheoirí, ó chuiditheoirí riachtanacha nó daltaí.

Ar a bharr sin, caithear TCP a úsáid le linn chineál gníomhaíochtaí oibre nó réimsí oibre áirithe. D'fhéadfadh ról mar seo a leanas a bheith i gceist:

- Dlúthchúram peasanta a dhéanamh
- Sa chás ina n-aithnítear cás amhrasta de COVID-19 agus an scoil ag feidhmiú
- Sa chás go bhfuil baill foirne go háirithe i mbaol ionfhabhtaithe ach nach bhfuil siad ar liosta na ndaoine a rangáítear mar dhaoine i ngrúpaí ardriosca, nó a d'fhéadfadh a bheith ina gcónaí le daoine atá i gcatagóir riosca an-ard
- Garchabhair a sholáthar
- Cruinnithe Tuismitheoirí-Múinteoirí

Sa chás ina dtugann baill foirne cúram sláinte do leanaí a bhfuil riachtanais leighis acu i dtimpeallacht na scoile ba chóir dóibh réamhchúraimí caighdeánacha a chur i bhfeidhm de réir an ghnáthchleachtas.

Limistéir Fháiltithe

Ba cheart scáilín Perspex a úsáid i limistéir fháiltithe gcás nach féidir achar fisiceach 2 mhéadar a choinneáil ó bhaill foirne eile, nó ó dhaltaí. Féadfaidh deontas maoinithe do mhionoibreacha a úsáid chun na críche seo.

Clúdaigh aghaidhe/Scáthlín Aghaidhe/Maisc

Feidhmíonn clúdaigh aghaidhe éadaigh mar bhac chun cosc a chur ar bhraoiníní riospráide taisteal isteach san aer agus ar dhaoine eile nuair a bhíonn an duine atá ag caitheamh an clúdach ag casacht, ag sraothartach, ag caint nó ag ardú a ghuth. Mar sin de, tá sé i gceist le clúdaigh aghaidhe éadaigh tarchur an víris a chosc ón té atá ag caitheamh an chlúdaigh (nach bhfuil a fhios acu go bhfuil siad ionfhabhtaithe) chuig na daoine a dtagann siad i ndlúth-theagmháil leo.

I suíomhanna cúram leanaí agus oideachais, tá sé dúshlánach úsáid éigeantach clúdaigh aghaidhe a chur i bhfeidhm, mar tuigtear go mbeidh lamháltas agus cumas níos ísle ag leanaí an clúdach aghaidhe a úsáid mar is ceart, agus féasfaidh strus míchuí a chur ar leanaí má chaitheann múinteoirí agus baill foirne atá ag tabhairt aire dóibh chlúdaigh aghaidhe.

Ní mholtar do leanaí atá ag freastal ar bhunscoil clúdaigh aghaidhe a chaitheamh.

Mar sin de, tá s riachtanach do bhaill foirne clúdaigh aghaidhe a chaitheamh i gcás nach féidir achar fisiceach 2 mhéadar a choinneáil ó bhaill foirne eile, ó thuismitheoirí, ó chuiditheoirí riachtanacha nó daltaí.

I gcásanna áirithe ba cheart machnamh a dhéanamh ar scáthlámh shoiléire a úsáid, mar shampla baill foirne ag idirghníomhú le daltaí a bhfuil deacrachtaí éisteachta nó deacrachtaí foghlama acu.

Níor cheart d'aon cheann de na grúpaí seo a leanas ag clúdach aghaidhe éadaigh a chaitheamh:

- Leanaí bunscoile
- Duine ar bith a bhfuil fadhbanna ánalaithe aige/aici
- Duine ar bith atá gan aithne nó atá éagumasaithe
- Duine ar bith nach bhfuil ábalta an clúdach aghaidhe a bhaint de gan chabhair.
- Duine ar bith a bhfuil riachtanais speisialta aige agus a d'fhéadfadh a bheith míshásta nó iontach míchomparadh agus clúdach aghaidhe á chaitheamh aige, mar shampla daoine a bhfuil míchumais intleachtach nó forbartha orthu, fadhbanna sláinte meabhrach, imní céadfach nó goilliúnacht thadhach.

Ba cheart a chur i gcuimhne do gach ball foirne a chaitheann clúdaigh aghaidhe gan teagmháil a dhéanamh leis an gclúdach aghaidhe agus a lámha a ní nó a dhíghalrú (ag úsáid díghalrán láimhe) sula gcuireann siad an clúdach aghaidhe air agus tar éis sin.

Ba cheart faisnéis a chur sr fil faoi úsáid cheart, baint agus níochán na gclúdach aghaidhe

<https://www.youtube.com/watch?v=T6ZqdpLfSqw>

Ba cheaqqrt clúdaigh aghaidhe éadaigh a ní tar éis gach lá úsáide, agus/nó sula n-úsáidtear arís iad, nó má tá sé soiléir le feiceáil go bhfuil siad salach.

Níor cheart clúdaigh aghaidhe éadaigh a chaitheamh má tá siad fliuch. Is féidir go mbeadh sé deacair anáil le clúdach aghaidh éadaigh fliuch.

Ba chóir do scoileanna machnamh a dhéanamh ar chlúdaigh aghaidhe aon uaire breise a bheith ar fáil don fhoireann i gcás go dteastaíonn clúdach aghaidhe mar chúltaca i rith an lae.

Cé go mb'fhéidir gur mhaith le baill foirne a gclúdach aghaidhe féin a úsáid ó lá go lá, ba cheart go mbeadh stoc de chlúdaigh aghaidhe aon uaire nó ilúsáidte breise ar fáil do scoileanna, nó scáthláin aghaidhe más iomchuí, ar fáil don fhoireann mar chlúdaigh aghaidhe cúlta má theastaíonn clúdach aghaidhe uathu i rith an lae nó nuair is gá ar bhonn leanúnach.

Maidir le baill foirne ag úsáid maisc aghaidhe, ba cheart do scoileanna machnamh a dhéanamh ar na cúinsí sonracha ina bhféadfadh úsáid maisc aghaidhe leighis, de réir Chaighdeán AE EN 14683, a bheith níos cuí don fhoireann (mar shampla nuair is gá go mbeadh baill foirne, de réir riachtanas, a bheith i dteagmháil chongarach agus leanúnach le daltaí a bhfuil riachtanais chúraim phearsanta acu mar CRSanna nó Chúramóirí ar Bhus Scoile).

Ní chealaíonn caitheamh clúdach aghaidhe nó masc aghaidhe an gá le fanacht sa bhaile má tá tú siomptómach.

Lámhainní

De ghnáth, níl úsáid lámhainní aon uaire ag daltaí nó ag múinteoirí i scoileanna cuí, ach d'fhéadfadh sé go mbeadh gá leo le haghaidh glantacháin, suíomhanna cúraim phearsanta agus nuair a bhíonn garchabhair á chur ar fáil. Ní thugann an ghnáthúsáid cosaint don té atá á gcaitheamh agus d'fhéadfadh daoine eile a bheith i mbaol ó lámhainní truaillithe.

Ní hionann úsáid rialta lámhainní indiúscartha agus sláinteachas láimhe.

Naprúin

D'fhéadfadh sé go mbeadh naprúin oiriúnach freisin i gcúinsí áirithe lena n-áirítear riachtanais chúraim phearsanta nó i gcás baill foirne a imlonnaítear do limistéar a ghlanadh ina raibh cás amhrasta nó dearbhaithe de COVID-19.

6) Tionchar COVID-19 ar ghníomhaíochtaí áirithe scoile

Oibreoidh an Roinn le páirtithe leasmhara chun comhairle níos mionsonraithe a sholáthar maidir le gníomhaíochtaí áirithe scoileanna sula n-athosclófar an scoil.

Cór / Léiriú Ceoil

D'fhéadfadh leibhéal níos airde riosca a bheith i gcleachtais / léirithe cór agus cleachtais / léirithe ceoil a bhaineann le huirlisí gaoithe agus ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an dóigh a gcoinnítear iad ag cinntiú go bhfuil an seomra aeráilte go maith agus go gcoinnítear an scaradh cuí idir na ceoltóirí.

Gníomhaíochtaí Spóirt

Ba cheart do scoileanna tagairt a dhéanamh do threoir HPSC maidir le Filleadh ar Spórt. Tá nasc chuig na prótacail maidir le Filleadh ar Spórt ar fáil anseo.

<https://www.gov.ie/en/publication/07253-return-to-sport-protocols/>

Trealamh Comhroinnte

Bréagáin

Ba chóir gach bréagán a ní ar bhonn rialta, mar shampla gach seachtain. Bainfidh sé seo dusta agus salachar eile a d'fhéadfadh frídíní a iompar.

Ba chóir bréagáin ar léir dóibh a bheith salach nó truailithe le fuil nó sreabháin choirp a ghlacadh as úsáid láithreach chun iad a ghlanadh nó a chaitheamh amach.

Roghnaigh bréagáin atá soghlanta agus furasta a dhíghalrú (nuair is gá) agus bréagáin á gceannach agat.

Má úsáidtear éadach nó bréagáin bhog ba chóir go mbeadh siad in-nite le meaisín.

Ba cheart go mbeifí in ann míreanna mearaí, puzail agus bréagáin a bhféadfadh daltaí óga dóibh siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chur ina mbéal a níochán agus a dhíghalrú.

Ba chóir gach trealamh súgartha a sheiceáil le haghaidh comharthaí damáiste mar shampla briseadh nó scoilteanna. Murar mbítear in ann iad a dheisiú nó a ghlanadh ba chóir iad a chaitheamh amach.

Ba chóir bréagáin agus trealamh glan a stóráil i gcoimeádán glan nó i gcófra glan. Ba cheart treoracha an mhonaróra a leanúint i gcónaí.

Ag an am seo ba chóir go mbeadh ábhair shamhaltú bog agus taos súgartha in úsáid aonair amháin.

Nós Imeachta Glantacháin do Bréagáin

- Nigh an bréagán in uisce te gallúnaí, agus bain úsáid as scuab chun dul isteach i scoilteanna.
- Rinseáil an bréagán in uisce glan.
- Triomaigh an bréagán go maith.
- D'fhéadfadh go mbeadh roinnt bréagán crua plaisteacha oiriúnach le glanadh sa mhiasniteoir.
- Ba chóir bréagáin leictreonacha nó tochrais nach féidir a thumadh in uisce a ghlanadh le héadach tais agus a thriomú.
- I gcásanna áirithe b'fhéidir go gcaithfí bréagáin / trealamh a dhíghalrú tar éis iad a ghlanadh, mar shampla: bréagáin / trealamh a chuireann daltaí ina mbéal. Bréagáin/trealamh a bhí salach le fuil nó sreabháin choirp nó bréagáin inar aithníodh cás de COVID-19.
- Má bhíonn díghalrú ag teastáil: Ba chóir díghalrán a scaoileann clóirín a úsáid caolaithe go tiúchan de chlóirín 1,000ppm. Ba chóir an earra a shruthlú agus a thriomú go maith.

Ealaín - Ba chóir na daltaí a spreagadh nuair is féidir chun a gcuid soláthairtí ealaíne agus trealamh aonair féin a thabhairt leo.

Leictreonaic - Ba cheart giúirleoidí leictreonacha comhroinnte mar tháibléid, scáileáin tadhaill, méarchláir a ghlanadh idir úsáid agus d'fhéadfaí machnamh a dhéanamh ar chlúdaigh inúsáidte a úsáid le haghaidh leictreonaic chun glanadh a éascú.

Trealamh / Uirlisí Ceoil - Níor cheart uirlisí a chomhroinnt a oiread agus is féidir idir daltaí agus má theastaíonn comhroinnt, ba cheart na huirlisí a ghlanadh idir úsáidí.

Polasaí Leabharlainne - Ba chóir go mbeadh a gcuid leabhar féin ag daltaí nuair is praiticiúil. Ba chóir go mbeadh na téacsleabhair a dhéantar a chomhroinnt clúdaithe le clúdach plaisteach inúsáidte ar féidir é a ghlanadh idir úsáidí le gníomhaire glanta tí oiriúnach. Ba chóir daltaí a spreagadh chun sláinteachas láimhe a dhéanamh tar éis aon earra comhroinnte a úsáid.

Trealamh Spóirt Comhroinnte- Íoslághdaigh comhroinnt trealamh agus glan trealamh comhroinnt idir úsáidí ag daoine éagsúla.

7) Sláinteachas agus Glantachán i Scoileanna

Tá maoiniú breise curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais do scoileanna chun tacú leis an nglantachán feabhsuithe a bhfuil gá leis chun rioscaí COVID-19 a íoslághdú. Tugadh sonraí faoi na tacaíochtaí maoinithe do scoileanna trí chiorclán agus déanfar iad a nuashonrú de réir mar is gá.

Tá an chomhairle faoi leith maidir le glantachán scoile leagtha amach i gcomhairle HPSC agus clúdófar í san oiliúint ionduchtaithe. Leagtar amach sa chomhairle seo an córas glantacháin atá ag teastáil chun tacú le scoileanna ionfhabhtuithe COVID-19 a chosc agus an glantachán feabhsaithe atá ag teastáil i gcás cásanna amhrasta de COVID-19. Iarrtar ar scoileanna an chomhairle ghlantacháin a léamh agus a thuiscint go cúramach agus í sin a chur i bhfeidhm, mar chomhairle, ar gach réimse den scoil de réir mar is cuí.

Meabhraítear do scoileanna aire ar leith a thabhairt do na socruithe sláinteachais d'áiseanna níos álainn láimhe agus leithris.

Go hachomair, ba chóir gach suíomh scoile a ghlanadh ar **uair amháin sa lá ar a laghad**. Ba chóir go mbeadh glantachán breise ann má tá sé ar fáil dírithe ar dhromchlaí a mbíonn teagmháil go minic leo - hanlaí doirse, ráillí láimhe, cathaoireacha / scítheanna láimhe, áiteanna itheacháin phobail, doirteal agus áiseanna leithris.

Beidh rochtain ag gach ball foirne ar tháirgí glantacháin agus beidh orthu a limistéir féin oibre a choinneáil glan. Níor chóir na hábhair ghlantacháin seo a bhaint den fhoirgneamh ar chúinse ar bith.

Ba chóir don fhoireann a limistéar oibre a ghlanadh agus a dhíghalrú go críochnúil roimh agus tar éis é a úsáid gach lá.

Ba cheart málaí diúscartha dramhaíola athúsáidte a bhailiú go rialta ó oifigí agus ó limistéir eile laistigh den áis scoile.

Ní bheidh saoráidí cithfholcadáin ar fáil le húsáid ag baill foirne ná ag na daltaí mar gheall ar an riosca méadaithe a bhaineann le saoráidí agus limistéir cithfholcadáin chomhroinnte. Déanfar é seo a athbhreithniú de réir threoir an rialtais.

Ní mór do bhaill foirne a dtrealamh agus a n-uirlisí féin a úsáid agus a ghlanadh (cupán, sceanra, pláta srl.)

Seomraí glantacháin / díghalraithe ina raibh dalta / ball foirne a raibh amhras faoi COVID-19 i láthair

Ba chóir an seomra a ghlanadh a luaithe agus is féidir.

Nuair a bheidh an seomra folamh níor chóir an seomra a athúsáid go dtí go mbeidh an seomra glanta agus díghalraithe go maith agus go bhfuil na dromchlaí uile tirim.

Ní oibríonn díghalrú ach ar rudaí atá glan. Nuair a bhíonn díghalrú ag teastáil ní mór glantachán a dhéanamh freisin.

Ba chóir go seachnódh an duine a mbíonn air an glantachán a dhéanamh teagmháil lena aghaidh agus iad ag glanadh agus ba chóir dó lámhainní tí agus naprún plaisteach a chaitheamh.

Glan an timpeallacht agus an troscán agus bain úsáid as éadach glantacháin indiúscartha agus glantach tí agus ansin díghalrú le táirge clóirín-bhunaithe (tuar tí).

Tabhair aird faoi leith ar dhromchlaí a mbíonn teagmháil go minic leo, cúl cathaoireacha, clóis, hanlaí doirse agus aon dromchlaí atá salach le sreabháin choirp.

Nuair a bheidh an seomra glanta agus díghalraithe agus na dromchlaí uile tirim, is féidir an seomra a úsáid arís.

Má tá am caite ag dalta nó ball foirne a ndearnadh diagnóis orthu le COVID-19 am i limistéar comhroinnte cosúil le bialann, limistéar súgartha nó má d'úsáid siad na leithris nó seomra folctha, ba chóir na limistéir sin a ghlanadh le glantach tí agus díghalrán ina dhiaidh (mar atá mínithe na Comhairle sláinte eatramhaí ón HPSC) a luaithe is féidir.

8) Ag Déileáil le Cás Amhrasta do COVID-19

Ní mór do bhaill foirne nó daltaí fanacht sa bhaile agus iad ag taispeáint comhartha ar bith do COVID-19. Ní mór na treoracha seo a leanúint nuair atá scoil faoi leith ag iarraidh dul i ngleic le cás amhrasta sa scoil.

Ba cheart ionad leithlise in fhoirgneamh na scoile a ainmniú. Ba cheart go mbeidh plean teagmhais ann a thógann faoi deara go bhféadfadh níos mó ná duine amháin le chomharthaí COVID-19 a bheith ann agus a d'fhéadfadh déileáil le cásanna breise. Ní mór don ionad leithlise bheith in áit phríobháideach agus i bhfad ón bhfoireann agus na daltaí eile.

Dá mbeadh comharthaí COVID-19 á thaispeáint ag foireann/dalta agus iad ar scoil, ní mór na nósanna imeachta seo a leanúint:

- Más rud é gur dalta é/í an duine le cás amhrasta, ní mór dul i dteagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí an pháiste gan mhoill;
- Ní mór an duine a leithlisiú agus nós imeachta a chur i bhfeidhm chun iad a thabhairt ar an mbealach leithlise go dtí an ionad leithlise, ag fanacht 2m nó níos faide ón duine tinn agus ag déanamh cinnte go bhfuil gach éinne eile 2m ar a laghad ón duine tinn i gcónaí;
- Ní gá don ionad leithlise bheith ina sheomra faoi leith, ach sa chás nach seomra é ba cheart go mbeadh an ionad 2m i bhfad óna daoine eile sa seomra;
- Mura féidir achar 2m a choinneáil, ba chóir do bhall foirne atá ag tabhairt aire do dhaltá clúdach aghaidhe nó masc a chaitheamh. Ná chaith lámhainní mar ní thaistealaínn an víreas tríd an gcráiceann;

- Cuir masc ar fáil don duine a bhfuil na siomptóim air. Ní mór dó/di an maisc a chaitheamh i gcomhlímistéar le daoine eile, agus nuair a bhfuil sé/sí ag filleadh ón scoil;
- Déan measúnú ar chumas an duine le comharthaí COVID-19 filleadh abhaile gan moill (leo féin nó lena dtuismitheoirí) agus ansin dul i dteagmháil lena dochtúir agus féin-aonrú a chleachtadh sa bhaile;
- Muna bhfuil an duine tinn in ann dul abhaile gan moill, cabhair leo le leithlisiú ar scoil agus le teagmháil a dhéanamh lena dochtúir. Ní chóir dóibh a lámha a chur ar daoine eile, dromchlaí nó rudaí. Ba chóir comhairle a thabhairt don duine le comharthaí COVID-19 a bhéal agus a shrón a chlúdach leis an gciarsúir indiúscartha a chuirtear ar fáil nuair a bhíonn siad ag casacht nó ag sraothartach, agus an ciarsúir a chur sa mhála dramhaíola a chuirtear ar fáil;
- Más bhfuil sé de cumas ag an duine filleadh abhaile, socraigh go n-iompróidh ball clainne iad abhaile chomh luath is féidir agus tabhair comhairle dóibh a gcuid comharthaí a chur in iúl dá dhochtúir ar an bhfón. Ní mór iompar poiblí a sheachaint;
- Más bhfuil siad ró-tinn chun filleadh abhaile nó más bhfuil comhairle breise de dhíth agat, cur glaoch ar 999 nó 112 agus cur in iúl dóibh gur cás amhrasta COVID-19 é/í an duine tinn;
- Déan measúnacht ar an eachtra a bheith mar pháirt den chinneadh maidir le gníomhaíochtaí leantacha agus téarnamh;
- Socraigh go ndéanfar an limistéar leithlisithe agus na réimsí oibre atá i gceist a ghlanadh go cuí - (***mionsonraí ag Cuid 7***).

Cuirfidh an FSS aon teagmháil le cás daingnithe a raibh ag baill foirne/tuismitheoirí in iúl dóibh tríd an bpróiseas rianaithe teagmhála. Rachaidh an FSS i dteagmháil le gach duine ábhartha i gcás go ndéanfadh diagnóis COVID-19. Ní mór treoracha an FSS a leanúint agus tá rúndacht na foirne agus na ndaltaí riachtanach i gcónaí. Ba cheart baill foirne na scoile a spreagadh chun aip rianaithe FSS COVID-19 a íoslódáil chun cabhrú le Sláinte Phoiblí chun críocha colgadh a rianú. Laistigh agus lasmuigh de shuíomh na scoile.

9) Riachtanais Speisialta Oideachais

Dálaí Breise Do Pháistí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu

I go leor cásanna ní rud praiticiúil nó oiriúnach é scaradh sóisialta a chur i bhfeidhm le páistí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) acu. Mar sin ba cheart déanamh cinnte go bhfuil tuiscint breise ag tuismitheoirí/caomhnóirí maidir le comharthaí nó athruithe as an ghnách a d'fheadfadh bheith ina comhartha do thinneas/tinneas COVID-19, agus nuair a bhfuil na comharthaí seo i láthair ní mór do pháistí fanacht sa bhaile. Mar an gcéanna ba chóir go mbeadh an fhoireann ar an eolas faoina bhfreagracht gan freastal ar obair má fhorbraíonn siad comharthaí do thinneas riospráide.

Sláinteachas Láimhe

Ba chóir cabhair a thabhairt do pháistí nach bhfuil in ann a lámha a ní leo féin chun na lámha a ní le uisce agus gallúnach nó le díghalrán láimhe (más bhfuil a lámha glan), mar a mhínítear cheana féin.

Trealamh

D'fhéadfadh go mbeadh riachtanais chúraim (fisiceach nó iompraíochta) ag roinnt páistí a chiallaíonn go bhfuil gá le áiseanna agus fearais agus/nó trealamh míochaine mar shampla áiseanna leithris, trealamh gluaiseachta agus láimhseála, nó trealamh riospráide a úsáid. I gcás go ghlantar áiseanna agus fearais sa scoil moltar go mbeadh sceideal ghlantacháin curtha ar fáil, ina sonraítear de réir treoracha an déantóra cathain agus conas ba chóir an trealamh a ghlanadh, agus na táirgí ghlantacháin le úsáid.

Is féidir leis na pointí seo treoir a thabhairt d'fhorbairt an sceidil ghlantacháin:

- Ní mór don trealamh a úsáidtear le haghaidh cúram a sholáthar a bheith glan go feiceálach;
- Ní mór an trealamh chúraim a ghlanadh de réir treoracha an déantóra. Baintear glantóireacht amach de ghnáth trí ghlantach ilchuspóireach agus uisce te a úsáid.
- Ní mór trealamh a n-úsáidtear le páistí éagsúla a ghlanadh agus a dhíghalrú, más gá, díreach tar éis an trealamh a úsáid agus roimh a bhaineann páiste eile úsáid as, m.sh. áiseanna leithris;
- Dá n-éireoidh an trealamh salach le sreabhán coirp:
 - I dtús báire, glan an trealamh go críochnúil le glantach agus uisce;
 - Ansin bain úsáid as tuaslagán díghalraithe úr chun an trealamh a dhíghalrú;
 - Sruthlaigh le huisce agus triomaigh.

10) Dualgas Foirne

Tá dualgas reachtúil ag an bhfoireann chun cúram réasúnta a thabhairt dá sláinte agus dá sácháilteacht féin, chomh maith le sláinte is sácháilteacht a gcomhghleacaithe agus páirtithe eile. Tá comhoibriú agus cabhair na foirne riachtanach chun scaipeadh COVID-19 a laghdú agus chun sláinte agus sácháilteacht a chosaint chomh fada is féidir sa scoil. Tá ról lárnach ag gach ball foirne. Mar sin de, chun filleadh sácháilte ar ais ar an obair a éascú, áirítear ar na dualgais seo a leanas, ach níl siad teoranta dóibh:

- Cloí le Plean Freagartha COVID-19 na Scoile agus leis na bearta rialaithe atá leagtha amach.
- An Foirm um Réamh-fhilleadh ar an Obair a chomhlánú roimh filleadh ar ais i mbun

oibre.

- Cur an príomhoide ar an eolas maidir le aon rud bainte le COVID-19 nach bhfuil luaite ar an bhfoirm agus a bheith riachtanach a nochtadh chun filleadh sácháilte ar an ionad oibre a éascú.
- Glac páirt in Oiliúint Ionduchtaithe COVID-19 agus aon traenáil eile a bhfuil de dhíth roimh filleadh ar ais ar scoil
- Bí ar an eolas agus cloí le dea-chleachtais béasaíochta shláinteachais agus anála.
- Obair go dlúth lena gcomhoibrithe ionas go mbeadh scaradh sóisialta maith i bhfeidhm.
- Bí ar an eolas maidir le comharthaí COVID-19 agus tabhair aire dá folláine féin.
- Féin-aonrú sa bhaile agus téigh i dteagmháil gan moill lena ndochtúir chun tuilleadh comhairle a fháil má thaispeánann siad aon comhartha de COVID-19.
- Fan sa bhaile agus ná fill ar an scoil dá mbeadh aon comhartha de COVID-19 acu.
- Ná fill ar an scoil ná freastal uirthi i gcás na nithe seo a leanas:
 - má aithnítear gur dhlúth-theagmhálacha iad le cás dearbhaithe de COVID-19
 - má chónaíonn siad le duine a bhfuil siomptóim dhearfacha an viris orthu
 - Má tá taisteal déanta acu taobh amuigh d'Éirinn; i gcásanna mar sin moltar do bhaill foirne féachaint ar an gcomhairle is déanaí ón Rialtas maidir le taisteal ar an gcoigríoch.
- Má thaispeánann siad aon comharthaí de COVID-19 agus iad ar scoil, cloí leis an nós imeachta thuasluaite.
- Bí ar an eolas agus cloí le teoracha na n-údarás sláinte poiblí is déanaí.
- Comhoibriú le haon phearsanra sláinte poiblí agus a scoil chun críocha rianaithe teagmhála agus lean aon chomhairle sláinte poiblí a thugtar i gcás cás nó ráige ina scoil
- Téigh faoi aon tástáil COVID-19 a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil mar chuid d'olltástáil nó de thástáil shrathach de réir mar a mholann An tÚdarás Sláinte Poiblí.

11) COVID-19 related Bainistiú Neamhláithreachta

Déanfar bainistíocht ar neamhláithreachta a bhaineann le COVID-19 de réir nósanna imeachta comhaontaithe leis an Roinn Oideachais.

12) Clár um Chúnamh agus Fholláine Oibríthe

Aithníonn an Roinn an riachtanas atá le folláine foirne scoile agus féinchúram comhchoiteann. Cuirfidh Seirbhísí Tacaíochta na Roinne, an PDST agus CSL san áireamh, agus Foireann Chur Chun Cinn Sláinte an FSS tacaíocht ar fáil d'fholláine na foirne scoile. Tá Straitéis Sláinte Ceirde i bhfeidhm mar acmhainn tacaíochta don foireann scoile. S'é aidhm an Straitéis Sláinte Ceirde ná sláinte na fostaithe a chur chun cinn san ionad oibre, agus díreann go príomha ar chosc in ionad réitigh. Cuimsíonn an Straitéis Sláinte Ceirde an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe agus an tSeirbhís Sláinte Ceirde. Cuireann Spectrum.Life an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe (SCF) ar fáil faoin brat 'Wellbeing Together: *Folláine Le Chéile*'.

Is seirbhís féin-atreoraithe í an SCF ina mbíonn rochtain ag fostaithe ar líne chabhrach rúnda thiomnaithe saorfhóin 1800 411 057 atá ar fáil 24 uair sa lá, 365 lá sa bhliain a sholáthraíonn comhairle ar raon saincheisteanna amhail folláine, dlí, airgeadais, idirghabháil, tacaíocht bainistíochta srl. Tá an tseirbhís ar fáil go fóill trí SMS, Whatsapp, ríomhphost, comhrá beo agus iarraidh ar ghlaigh ar ais. Is gairmithe sláinte meabhrach cáilithe, creidiúnaithe agus a bhfuil taithí acu iad gach pointe teagmhála don tseirbhís.

Más gá tá comhairleoireacht ghearrthéarmach ar fáil d'fhostaithe agus a dteaghlach (dóibh siúd atá ós cionn 18 mbliana d'aois agus ina gcónaí sa bhaile).

Tá tairseach agus aip folláine saincheaptha ar fáil a thairgeann rochtain ar phodchraoltaí, blaganna, comhráite beo agus físeáin ar ábhair a bhaineann le folláine agus sláinte mheabhrach, saol an teaghlach, aclaíocht agus cothú. Tá clár r-Fhoghlama a bhaineann le sláinte mheabhrach, codladh agus raon ábhar folláine ar fáil freisin. Cuirtear teiripe iompraíochta cognaíochta ar fáil ar líne freisin. Mar chuid dosna seirbhísí a sholáthraíonn Spectrum.Life tá Bainisteoir um Chur Chun Cinn Sláinte Meabhrach ar fáil chun tionscnaimh sláinte meabhrach agus folláine atá bunaithe ar fhianaise a fhorbairt agus a sheachadadh chun smál a laghdú agus chun litearthacht sláinte meabhrach a fheabhsú, agus chun rannpháirtíocht leis an tseirbhís a mhéadú. Tá sraith seimineár gréasáin seachtainiúil agus cainteanna beo chun folláine foirne a chur chun cinn i scoileanna ar fáil faoi láthair ar an tairseach folláine.

AGUISÍN 1

Ráiteas Beartais COVID-19

Tá **[Aimn na Scoile]** tiomanta ionad oibre sláintiúil agus sácháilte dár bhfoireann ar fad agus timpeallacht foghlama sácháilte dár ndaltaí uile a chothú. Lena chinntiú, tá an Plean Freagartha COVID-19 seo a leanas forbartha agus nuashonraithe againn. Tá Bainistíocht agus foireann na scoile go léir freagrach as cur i bhfeidhm an plean seo agus cuideoidh iarracht comhchoiteanna le bac a chur ar scaipeadh an bhvíreas. Tá sé mar aidhm againn:

- leanúint ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar ár bhfreagra COVID-19 agus an plean seo a leasú i gcomhairle lenár bhfoireann
- eolas rídheanaí maidir le teoracha shláinte poiblí an FSS agus Gov.ie a chur ar fáil dár bhfoireann agus daltaí
- eolas faoi comharthaí COVID-19 agus conas ba cheart do lámha a ní a thaispeáint
- ionadaí oibríthe a bhfuil furasta le aithint a aontú leis an bhfoireann chun an ról atá leagtha amach sa phlean seo a chomhlíonadh
- an fhoireann agus na daltaí go léir a chur ar an eolas faoi sláinteachas riachtanach maraon le béasaíocht anála agus riachtanais scaradh sóisialta
- an scoil a athchóiriú chun scaradh sóisialta a chur i bhfeidhm mar is oiriúnach le teoracha agus orduithe na Roinne Oideachais
- logleabhar teagmhála a choimeád chun chabhrú le rianú teagmhála
- cinntiú go rachaidh an fhoireann i dteagmháil leis an faisnéis ionduchtaithe / taithíocha a chur an Roinn Oideachais ar fáil
- an próiseas chomhaontaithe i gcás go mbeadh duine sa scoil ag taispeáint na comharthaí de COVID-19 agus iad ar scoil a chur i bhfeidhm
- teoracha a chur ar fáil don fhoireann agus dosna daltaí i gcás go bhfuil siad ag taispeáint na comharthaí de COVID-19 agus iad ar scoil
- glantóireacht a chloíonn le teoracha na Roinne Oideachais a dhéanamh

Rachfar i comhairliúchán leis an bhfoireann ar bhonn leantach agus fáiltítear aiseolas ar pé ábhar imní, fadhbanna nó moltaí.

Is féidir é seo a dhéanamh tríd an bPríomhionadaí (/ithe) Oibríthe, a dtacófar leis/léi de réir an chomhaontaithe idir an Roinn agus na páirtithe oideachais.

Síniú: _____

Dáta: _____

Aguisín 2: Foirm um Fhilleadh ar Obair (FO)

Ní mór do bhaill foirne an cheistneoir seo a chomhlánú sula bhfillfidh siad ar an obair. Má fhreagraítear "Tá" ar aon dosna ceisteanna thíosluaite, ba cheart duit comhairle leighis a lorg roimh fillleadh ar ais i mbun oibre.

Aimn: _____

Aimn na Scoile: _____

Aimn an Phríomhoide: _____

Dáta: _____

	Ceisteanna	TÁ	NÍL
1.	An bhfuil aon siomptóim ort a bhaineann le casacht, fiabhras, teocht ard, deacracht anáilaithe, cailíteanas nó athrú i do chumas bolaidh nó blais anois nó le 14 lá anuas?		
2.	An ndearnadh diagnóis COVID-19 deimhnithe nó amhrasta ort le 14 lá anuas?		
3	An bhfuil tú ag fanacht le torthaí tástála COVID-19?		
4	Le 14 lá anuas, an raibh tú i dteagmháil le haon duine ar cás deimhnithe nó amhrasta COVID-19 é?		
5	An ndúirt dochtúir leat go ceart duit féin-aonrú a dhéanamh ag an am seo?		
6	Ar tugadh comhairle duit srian a chur ar do ghluaiseachtaí ag an am seo?		
7	Ar tugadh comhairle duit clutharú ag an am seo? Tabhair aire: Is féidir go dtabharfar comhairle do dhaoine a bhfuil riosca an-ard ó COVID-19 ag baint leo (i mbaol mór) clutharú:		

Dearbhaím chomh fada is a bhfuil ar fhios agam nach bhfuil comharthaí COVID-19 agam, nílim ag féin-aonrú nó ag fanacht ar thorthaí tástála COVID-19 agus níor thugadh comhairle dom mo ghluaiseachtaí a shrianadh.

Tabhair faoi deara: Tá an scoil ag bailiú na sonraí pearsanta íogaire seo chun sácháilteacht san ionad oibre a chinntiú mar thoradh ar an bpaindéime Covid-19. Tá an bunús dlí do bhailiúchán na sonraí seo bunaithe ar ábhair spéise sláinte poiblí rithábhachtacha agus ar shláinte cheirde a chothabháil agus coinneofar na sonraí seo go daingean de réir ár mbeartas coinneála.

Síniú: _____

Aguisín 3 Príomhionadaí Oibríthe – Bunscoileanna agus Scoileanna Speisialta

Dearadh an Prótacal um Oibriú go Sábháilte chun tacú le fostóirí agus oibríthe bearta rialaithe ionfhabhtaithe a chur i bhfeidhm a choiscfidh scaipeadh COVID-19 san ionad oibre. Cruthaíodh an prótacal tar éis plé agus comhaontú ag Fóram Eacnamaíoch na bhFostóirí Saothair idir an Rialtas, na Ceardchumann agus Fostóirí.

Tá foráil sa Phrótacal le haghaidh Príomhionadaí Oibríthe (PO) a cheapadh i ngach ionad oibre. Beidh an PO ag obair leis an bhfostóir chun cuidiú le bearta a chur i bhfeidhm chun scaipeadh COVID-19 a chosc agus monatóireacht a dhéanamh ar an méid atáthar ag cloí leis na bearta sin agus beidh ról aige/aici maidir le comhairle sláinte maidir le COVID-19 a chur in iúl san ionad oibre.

Is é is cuspóir leis an alt seo ná na forálacha maidir leis an PO a leagan amach i scoileanna. Déanfaidh na páirtithe athbhreithniú rialta ar feidhmiúchán na forálacha seo.

Ba chóir an doiciméad seo a léamh i dteannta le:

- an
- Treoir agus Ceisteanna Coitianta le haghaidh Fostóirí sa Seirbhís Poiblí Le Linn COVID-19;
- Plean Freagartha COVID-19 maidir le hAthoscailt Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta go Sábháilte

1. Cur chuige Cumarsáideach

Is ar an mBord Bainistíochta / Oideachais agus Oiliúna agus bainistíocht na scoile atá an fhreagracht as forbairt agus cur i bhfeidhm Phlean Freagartha COVID-19 agus na bearta rialaithe ionfhabhtú a ghabhann leis a chosc.

Tá tábhacht ollmhór ag baint le cumarsáid láidir agus cur chuige comhoibrítheach chun leathadh COVID-19 i scoileanna a chosc, agus chun aire a thabhairt do shláinte, sábháilteacht agus folláine na foirne agus na ndaltaí. Ní bhainfear cloí leis an bPrótacal um Fhilleadh ar Obair amach ach amháin má dhéanann gach duine an fhreagracht a chomhroinnt agus na bearta atá sa Phrótacal a chur i bhfeidhm san áit oibre.

Má tá aon imní nó barúlacha ag ball foirne maidir le Plean Freagartha COVID-19, bearta smachta nó an dóigh le cloí leis na bearta sin ag baill foirne, daltaí nó daoine eile ba chóir dó / di teagmháil a dhéanamh leis an bPO a rachaidh i dteagmháil le bhainistíocht na scoile.

2. Príomhionadaí Oibríthe (PO)

Go hachomair, is é ról an PO ná:

- Ionadaíocht a dhéanamh ar son an fhoireann ar fad san ionad oibre, beag beann ar an ról atá acu, agus a bheith ar an eolas ar na saincheistanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le cohóirt áirithe foirne;
- A bheith ag comhoibriú le bainistíocht na scoile chun sácháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe maidir le COVID-19 a chinntiú, a oiread agus is féidir;
- A bheith ar an eolas maidir leis an gcomhairle is déanaí ón Rialtas maidir le COVID-19;
- I gcomhpháirt le bainistíocht na scoile, dea-chleachtais sláinteachais a chur chun cinn ar nós lámha a ní go rialta agus dea-bhéasa anála a chothú chomh maith le scaradh sóisialta a choinneáil de réir chomhairle sláinte poiblí;
- Cuidiú le bainistíocht na scoile bearta a chur i bhfeidhm chun COVID-19 a chur faoi chois san ionad oibre de réir an Phrótacail um Oibriú go Sácháilte agus an chomhairle reatha maidir le sláinte phoiblí;
- I gcomhpháirt le bainistíocht na scoile, monatóireacht a dhéanamh ar an méid atáthar ag cloí le bearta chun leathadh COVID-19 a chosc;
- Athbhreithnithe a dhéanamh go rialta ar bhearta sácháilteachta;
- Ábhar imní ar bith a thuairisciú láithreach do bhainistíocht na scoile agus taifid ar na ceistanna sin agus na gníomhartha a glacadh chun dul i ngleic leo a choinneáil;
- Dul i gcomhairle le bainistíocht na scoile ar Phlean Freagartha COVID-19 sa chás ina dtagann COVID-19 ar dhuine agus iad ar scoil lena n-áirítear suíomh ionaid leithlise agus bealach sácháilteacht chuig an ionad sin;
- Measúnú a dhéanamh i gcomhpháirt le bainistíocht na scoile ar aon ghníomh atá le déanamh i ndiaidh eachtra ar bith;
- Dul i gcomhairle le comhghleacaithe ar cheistanna maidir le COVID-19 san ionad oibre;
- Ionadaíocht a dhéanamh do bhainistíocht na scoile ar son a gcomhghleacaithe ar cheistanna maidir le COVID-19 san ionad oibre.

3. Príomhionadaí Oibríthe

Tá sé de ceart ag an PO dul i gcomhairle le bainistíocht na scoile agus uirill a dhéanamh ina leith maidir le aon ábhar inní atá bainte le COVID-19. Ina measc tá fadhbanna ag baint le:

- Nósanna imeachta glantóireachta agus a bhfeidhmiú
- Scaradh Sóisialta
- Feidhmiú chórais aon-bhealach sa scoil chun scaradh sóisialta a chinntiú, ag dul isteach is amach as an scoil san áireamh
- Saoráidí Shláinteachais Láimhe, a suíomh agus an ndéantar stócaíl agus cothabháil orthu san áireamh
- Díghalrán Lámh
- Tuiscint Foirne maidir le sláinteachas lámhe sa scoil
- Sláinteachas Anála
- Trealamh Cosanta Pearsanta
- Grúpaí atá i mbaol níos mó
- Cuairteoirí/Conraitheoirí

4. Príomhionadaí Oibrithe

Beidh Príomhionadaí Oibrithe amháin á cheapadh ag gach scoil.

5. Leas-Ionadaí Oibrithe/Ionadaí Oibrithe Cúnta

Beidh Leas-Ionadaí Oibrithe chomh maith le PO á cheapadh ag scoileanna ina bhfuil níos liú ná 30 bhaill foirne. Is é ról an Leas-Ionadaí Oibrithe ná chun feidhmiú mar an PO nuair a bhfuil an PO as láthair.

Beidh Ionadaí Oibrithe Cúnta chomh maith le PO á cheapadh ag scoileanna ina bhfuil níos mó ná 30 bhaill foirne agus ag gach scoil speisialta. Is é ról an Ionadaí Oibrithe Cúnta ná:

- chun cabhair a thabhairt don PO agus iad i mbun na dualgais thuasluaite; agus
- chun feidhmiú mar an PO nuair a bhfuil an PO as láthair.

6. Roghnú an Príomhionadaí Oibrithe/ Leas-Ionadaí Oibrithe/ Ionadaí Oibrithe Cúnta

Tá sé de ceart ag foireann na scoile baill foirne a cheapadh do ról an PO, Leas-Ionadaí Oibrithe nó Ionadaí Oibrithe Cúnta mar oiriúnach. Déanann an PO/Leas-Ionadaí Oibrithe/Ionadaí Oibrithe Cúnta ionadaíocht ar son an fhoireann ar fad san ionad oibre,

beag beann ar an ról atá acu, agus ní mór dóibh a bheith ar an eolas ar na saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le cohóirt áirithe foirne. Mar thoradh, dá roghnófar múinteoir do ról an PO ba cheart an Leas-Ionadaí Oibrithe/Ionadaí Oibrithe Cúnta a roghnú ón bhfoireann neamhtheagaisc nuair is féidir agus a mhalairt.

Ba cheart próiseas roghnúcháin agus ceapacháin an PO/Leas-Ionadaí Oibrithe/Ionadaí Oibrithe Cúnta mar is cuí a fhorbairt trí chomhairliúchán agus comhaontú a dhéanamh ar bhonn scoile, trí shaorálaithe a lorg le tabhairt faoi na postanna seo. Nuair atá níos mó ná saorálaí amháin, ba chóir don fhoireann scoile ar fad vótáil chun an PO/Leas-Ionadaí Oibrithe/Ionadaí Oibrithe Cúnta a roghnú.

Beidh an PO/Leas-Ionadaí Oibrithe/Ionadaí Oibrithe Cúnta ceaptha go hoifigiúil ag an bhfostóir, tar éis iad a bheith roghnaithe ag foireann na scoile. Roimh an ról a thosú ní mór don PO/Leas-Ionadaí Oibrithe/Ionadaí Oibrithe Cúnta deimhniú go bhfuil an traenáil cuí críochnaithe acu agus go bhfuil siad ar an eolas maidir le riachtanais an ról.

7. Tacaíochtaí don Phríomhionadaí Oibrithe/ Leas-Ionadaí Oibrithe/ Ionadaí Oibrithe Cúnta

Tá sé de ceart ag an bPríomhionadaí Oibrithe/ Leas-Ionadaí Oibrithe/ Ionadaí Oibrithe Cúnta:

- Faisnéis agus oiliúint maidir lena ról a fháil;
- bheith i mbun comhairliúcháin le bainistíocht na scoile maidir leis na bearta smachta atá curtha i bhfeidhm ag an scoil chun baoil nocht do COVID-19 a laghdú;
- bheith i mbun cumarsáide rialta le bainistíocht na scoile maidir le saincheisteanna atá bainte le COVID-19;
- Eolas a fháil maidir le athruithe i gcleachtas a thagann as bearta fhreagrachta COVID-19;

Nuair múinteoir é/í an PO/Leas-Ionadaí Oibrithe (sealbhóir phoist san áireamh) bainfidh siad úsáid as na 10 n-uair Pháirc an Chrócaigh a úsáidtear faoi láthair le haghaidh pleanála nach bhfuil ar bhonn scoile iomláine chun a gcuid dualgais sa ról seo a chomhlíonadh.

Nuair cúntóir riachtanas speisialta é/í an PO/Leas-Ionadaí Oibrithe bainfidh siad úsáid as na "72 uair a chloig" chun a gcuid dualgais sa ról seo a chomhlíonadh.

Nuair Rúnaí nó Feighlí é/í an PO/Leas-Ionadaí Oibríthe ba chóir do bhainistíocht na scoile a n-obair a chur in ord nua tosaíochta ionas go mbeadh go leor ama ag an mbaill foirne a gcuid dualgais sa ról seo a chomhlíonadh.

8. Nós Imeachta le haghaidh déileáil le Saincheistanna a thagann chun cinn

I gcás go n-aithníonn an PO ábhar imní (nó nuair a chuireann an foireann in iúl don PO é) ba chóir dó/di a chur faoi bhráid an Phríomhoide é. Ba chóir don PO pointí ghníomhartha a aontú leis an bPríomhoide chun an saincheist a réitiú, chomh fada is féidir. Ba chóir eolas a thabhairt don fhoireann maidir leis an dtoradh.

Nuair nach féidir leo teacht ar réiteach, is féidir leis an PO an saincheist a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta (Cathaoirleach an Bhoird ar an gcéad dul síos) / príomhoifig an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Ba chóir don PO pointí ghníomhartha a chomhaontú le bainistíocht na scoile/príomhoifig an BOO chun an saincheist a réitiú, chomh fada is féidir. Ba chóir eolas a thabhairt don fhoireann maidir leis an dtoradh.

Gluais Téarmaí

- **Plean Freagartha COVID-19:** plean atá deartha chun tacú leis an bhfoireann agus le BB/BOO bearta rialaithe um chosc ar ionfhabhtú a chur i bhfeidhm a choiscfidh scaipeadh COVID-19 i dtimpeallacht na scoile. Soláthraíonn an plean mionsonraí faoi na beartais agus na cleachtas atá riachtanach chun go gcomhlíonfaidh scoil an Prótacal um Oibriú go Sábháilte, treoir na Roinne Oideachais agus treoir sláinte poiblí, chun cosc a chur ar thabhairt isteach agus ar leathadh Covid-19 i dtimpeallacht na scoile. Tá Pleananna Freagartha COVID-19 le haghaidh Bunscoileanna agus Scoileanna Speisialta ar fáil ar shuíomh Idirlíne na Roinne.
- **Fóram Eacnamaíoch na Fhostóirí Oibríthe (LEEF):** Fóram le haghaidh idirphlé ardleibhéil idir ionadaithe Rialtais, Ceardchumann agus Fostóirí ar ábhair a bhfuil tábhacht straitéiseach náisiúnta leo a bhfuil i gceist leis an bhfóram seo- glacann Comhdháil Cheardchumainn na hÉireann, an Rialtas agus na Fostóirí páirt.
- **An Prótacal um Oibriú go Sábháilte:** prótacal náisiúnta a dearadh chun tacú le fostóirí agus oibríthe bearta a chur i bhfeidhm a chuirfidh cosc ar scaipeadh COVID-19 san ionad oibre.

- **Ionadaí Sácháilteachta:** Leagann Alt 25 don Acht um Sácháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 amach scagadh agus ról an Ionadaí Sácháilteachta san ionad oibre. Leagtar cearta an Ionadaí Sácháilteachta amach sa reachtaíocht. (Nóta: De réir an Acht 2005 tá cearta seachas dualgais ag an Ionadaí Sácháilteachta). Is ról difriúil é seo do ról an PO COVID-19.

Aguisín 4: Measúnú Riosca

Teimpléad Riosca COVID-19 (Aithníonn an liosta COVID-19mar an ghuais agus leagtar amach ann bearta rialaithe um chosc a chur ar ionfhabhtú atá riachtanach chun déileáil leis an riosca seo)

Guaiseacha	An bhfuil an guais ann?	Cén riosca atá ann?	Ráta Riosca A= Ard M= Meán I= Íseal	Bearta Smachta (Nuair atá na bearta smachta go léir i bhfeidhm beidh laghdú ar an riosca)	An bhfuil an bearta smach	Gníomhartha/Le Déanamh/Bearta Smachta le cur i bhfeidhm *Baineann an ráta riosca leis na bearta smachta leagtha	Duine Freagartha	Síniú agus dáta nuair atá críochnaí leis an ngníomhart
COVID-19	Gan Táillí	Tinneas	A	Plean Freagartha Covid19 Scoile i bhfeidhm de réir threoir na Roinne Oideachais agus an Phrótacal um Oibriú go Sábháilte agus comhairle sláinte poiblí		<p><i>Gníomhartha Shamplach</i></p> <p>Treoir an FSS maidir le sláinteachas agus béasaíocht anála leanta</p> <p>Ráiteas um Polasaí Scoile maidir le COVID-19 críochnaithe</p> <p>Foirmeacha um Réamh-fhilleadh ar an Obair faighte agus athbhreithnithe</p> <p>Oiliúint Ionduchtaithe curtha ar fáil</p> <p>Logleabhar Teagmhála in úsáid</p> <p>Seicliostaí a chomhlíonadh mar is cuí: Bainistíocht na Scoile</p> <p>Ag Déileáil le Cás Amhrasta do</p>	Aimn an ball foirne	

Más bhfuil gá le gníomhartha(i) le Riosca Ard (A), tá baol díobhála ard ann agus ba chóir gníomhú láithreach. Ba chóir dul i ngleic le gníomhartha le Meán-Riosca (M) chomh luath is féidir. Ba chóir dul i ngleic le gníomhartha le Riosca Íseal (I) chomh luath is a bhfuil praiticiúil.

An Té a Rinne an Measúnú Riosca:

Dáta: / /

© Gach ceart cosanta.

Aguisín 5

Logleabhar Teagmhála

Ainm na Scoile				Duine Teagmhála na Scoile	
Seoladh na Scoile				Le haghaidh Ceisteanna Amháin: Uimhir Ghutháin	
				Ríomhphost	
Ainm an Cuaireora					An raibh an chuairt seo réamhshocruithe leis an bPríomhoide? Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/>
Dáta na Cuaire	___ / ___ / _____	Am	Teacht Isteach sa scoil _____ r.n <input type="checkbox"/> i.n <input type="checkbox"/>	Imithe ón scoil _____ r.n <input type="checkbox"/> i.n <input type="checkbox"/>	
Stádas an Cuaireora	Conraitheoir <input type="checkbox"/>	Tuismitheoir/Caomhnóir <input type="checkbox"/>	Eile <input type="checkbox"/> Comhlánaigh le do thoil: _____		
Sonraí Teagmhála an cuairteora	Ainm an Chomhlacht (más cuí)				
	Seoladh				
	Uimhir Theagmhála:		Seoladh Ríomhphoist		
	Cúis na Cuaire				
Na Daoine a raibh i dteagmháil leis an gcuairteoir (ní mór do gach ainm a bheith ar líne difriúil)					
Ainm an Cuaireora				Cé méid ama a chaith an cuairteoir le gach duine sa scoil	

Aguisín 6 - Seicliosta do Bhainistíocht na Scoile

Seicliosta Ilchodach do Scoileanna

Tacaíonn an seicliosta seo le nósanna imeachta pleanála, ullmhúcháin, bearta smachta agus ionduchtaithe a bhfuil ag teastáil chun tacú le filleadh sábháilte ar ais ar an scoil do dhaltaí, foireann, tuismitheoirí agus eile.

Le comhlánú ag an duine comhaontaithe a bhfuil freagracht fhoriomlán air bainistíocht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm phlean Freagartha COVID-19 de réir na dtacaí mar a aontaíodh leis an Roinn Oideachais.

Pleanáil agus Córais

1. An bhfuil córas i bhfeidhm chun coimeád suas leis an gcomhairle is déanaí ón Rialtas agus ón Roinn Oideachais, ionas go mbeadh na teoracha ar fáil in am réasúnta don fhoireann agus dosna daltaí agus chun do phleananna agus nósanna imeachta a athrú de réir na teoracha?
2. Ar ullmhaigh tú plean freagartha COVID-19 na scoile agus an chur tú an phlean ar fáil don fhoireann agus dosna daltaí? ***Teoracha agus teimpléid na Roinne san áireamh***
3. An bhfuil córas curtha i bhfeidhm agat chun eolas agus teoracha a chur ar fáil don fhoireann agus dosna daltaí maidir leis na bearta atá curtha i bhfeidhm agus céard ba cheart dóibh a dhéanamh chun scaip an víreas a chosc?
4. Ar chur tú na póstaí faoina comharthaí do COVID-19 suas in áiteanna cuí?
5. Ar inis tú don fhoireann cuspóir an logleabhair teagmhála COVID-19?
6. AN bhfuil logleabhar teagmhála COVID-19 in úsáid chun tacú le iarrachtaí rianaire an FSS, más gá? ***(Teimpléad do Logleabhar Teagmhála san áireamh)***.
7. An thug tú eolas don fhoireann maidir leis na bearta agus ar chur tú córas i bhfeidhm chun ábhair inní nó saincheisteanna a phlé ionas go mbeidh freagra orthu?
8. An ndearna tú athbhreithniú agus nuashonrú ar measúnachtaí riosca chun na bearta atá curtha i bhfeidhm chun scaipeadh COVID-19 a chosc a chur san áireamh, de réir comhairle ROS? ***(Teimpléad Riosca san áireamh)***.
9. An ndearna tú nuashonrú ar phleananna éigeandála, más gá, chun an Plean Fhreagartha COVID-19 a chur san áireamh?

Foireann

10. An bhfuil foirm um fhilleadh ar obair COVID-19 curtha ar fáil agat do gach ball foirne le comhlánú agus le cur ar ais sula bhfillfidh siad ar an ionad oibre? ***(Teimpléad san áireamh)***.
11. Ar iarr tú deimhniú go bhfuil na mionsonraí san fhoirm réamhfillteach ar obair gan athrú tar éis tréimhsí dúnta amhail laethanta saoire scoile.

12. An bhfuil tú ar an eolas maidir le baill foirne atá i mbaol níos mó ón gcoroinvíreas, de réir teoracha an FSS (Teoracha FSS maidir le daoine atá i mbaol níos mó) agus ar thug tú comhairle dóibh maidir leis na socrúchán a raibh comhaontaithe leis an ROS dóibh?
13. Ar thug tú comhairle don fhoireann agus dosna daltaí gur cheart dóibh fanacht sa bhaile más bhfuil na comharthaí do COVID-19 thaispeáint acu?
14. Ar chuir tú comhairle ar bhaill foirne agus ar dhaltaí gan filleadh ar an scoil nó freastal uirthi má shainaithníonn FSS iad mar dhlúth-theagmháil le cás dearbhaithe de COVID-19 nó má tá cónaí orthu le duine a bhfuil comharthaí an víris air.
15. Ar chuir tú comhairle ar bhaill foirne agus ar dhaltaí gan filleadh ar an scoil nó freastal uirthi má tá taisteal déanta acu taobh amuigh d'Éirinn; i gcásanna mar sin moltar do bhaill foirne féachaint ar an gcomhairle is déanaí ón Rialtas maidir le taisteal ar an gcoigríoch agus cloí léi.
16. An ndúirt tú leis an bhfoireann agus leis na daltaí cad atá le déanamh agus cad ba cheart dóibh a bheith ag súil leis, chomh maith le cá bhfuil an ionad leithlise, má thosaíonn siad ag taispeáint comharthaí COVID-19 agus iad ar scoil?
17. Ar chuir tú comhairle ar bhaill foirne agus ar dhaltaí comhoibriú le hoifigigh sláinte poiblí agus leis an scoil chun críocha rianaithe teagmhála agus aon chomhairle sláinte poiblí a leanúint i gcás cás nó ráige sa scoil;
18. Ar thug tú comhairle don fhoireann maidir le tacaithe an chláir sláinte agus folláine ceirde de chuid Spectrum.Life?
19. Ar aimsítear príomhionadaí oibríthe (de réir an bpróiseas atá comhaontaithe leis an ROS agus a pairtnéirí oideachais agus atá leagtha amach i gCuid 4.3 don phlean seo) chun comhairle a thabhairt don fhoireann chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh le bearta smachta COVID-19 sa scoil, agus an ndearna tú cinnte gurb fhios do gach bhaill don fhoireann cé hiad an t-ionadaí?

Oiliúint agus Ionduchtú

20. Ar mhol tú don fhoireann súil a thabhairt ar ábhair oiliúna na Roinne Oideachais atá ar fáil ar líne?
21. An ndearna tú nuashonrú ar thraenáil ionduchtaithe agus taithíochta do scoil chun aon eolas breise maidir le COVID-19 a chur san áireamh?
22. Ar tugadh oiliúint nuashonraithe do gharchabhróirí, má tá siad ar fáil, faoi cosc agus rialú ionfhabhtaithe maidir le sláinteachas láimhe agus úsáid TCP mar is cuí?

Foirgnimh/Trealamh

23. Má tá aeráil mheicniúil sa scoil an bhfuil gá le glanadh nó cothabháil a dhéanamh sula n-athosclaíonn an scoil tar éis tréimhsí a bheith dúnta?
24. An gcaithfidh an córas uisce a shruthlú ag asraonta i ndiaidh úsáid íseal chun galar Legionella a chosc?
25. Ar seiceáladh trealamh scoile le haghaidh comharthaí meathlúcháin nó damáiste sula mbaintear úsáid arís astu?
26. Ar shocraigh tú go ndéanfaí an scoil, lena n-áirítear an trealamh, na deasca, na binsí, na doirse agus na dromchlaí a ndéantar teagmháil leo go minic a ghlanadh, a ghlanadh uair amháin sa lá

Bearta Rialaithe um Chosc ar i bhfeidhm

Sláinteachas Láimhe/Anála

27. Ar aimsigh tú sholáthairtí díghalráin láimhe agus aon trealamh TCP riachtanach de réir threoir eatramhach sláinte LFCS, ón gcreat náisiúnta arna sholáthar ag an Roinn?
28. An bhfuil stáisiúin níocháin/dhíghalráin láimhe leagtha amach ionas go d'fhéadfadh an fhoireann, na daltaí agus cuairteoirí cloí le teoracha na Roinne maidir le sláinteachas láimhe?
29. An bhfuil socruithe déanta chun go mbeidh rochtain rialta ag an bhfoireann agus na daltaí ar áiseanna níocháin/dhíghalráin láimhe mar is cuí?
30. An bhfuil díghalrán láimhe ar fáil go réidh don fhoireann, na daltaí agus cuairteoirí go léir-m.sh i ngach seomra ranga agus ag pointí iontrála agus imeachta an fhoirgnimh scoile?
31. An bhfuil socruithe déanta chun go ndéantar seic agus stoc rialta ar áiseanna shláinteachais láimhe?
32. An bhfuil eatánól 60% ar a laghad nó 70% isopropanol mar chomhábhar gníomhach ag an díghalrán láimhe alcól-bhunaithe?
33. An chuir tú in iúl don fhoireann cé chomh tábhachtach is atá níochán láimhe?
34. An bhfuil socruithe déanta chun go bhfeicfeadh an fhoireann fíis an FSS maidir le conas ba cheart do lámha a ní(le gallúnach agus uisce le haghaidh 20 soicind ar a laghad) agus ansin conas iad a thirim?
35. Ar thaispeáin tú don fhoireann agus na daltaí conas ba cheart díghalrán láimhe a úsáid agus cá bhfuil na stáisiúin dhíghalráin láimhe?
36. Ar chuir tú postaeir maidir le conas ba cheart do lámha a ní suas timpeall na scoile?
37. Ar inis tú don fhoireann agus na daltaí cathain ba chóir dóibh a lámha a ní nó díghalrán láimhe a úsáid? Áirítear leo seo:
 - Roimh agus tar éis bia a ullmhú agus a ithe
 - tar éis casacht nó sraothartach
 - tar éis an leithreas a úsáid
 - nuair atá na lámha salach
 - Roimh agus tar éis lámhainní a caitheamh
 - Roimh agus tar éis taisteal ar an gcóras iompar poiblí
 - sular fágтар an baile

- nuair a thagtar/fágtar an scoil/áiteanna eile
 - nuair atáthar ag dul isteach agus amach i bhfeithiclí
 - tar éis lámh a chur ar dhromchlaí a d'fhéadfadh a bheith éillithe
 - má táthar i dteagmháil le éinne atá ag thaispeáint na comharthaí do COVID-19
38. Ar chuir tú in iúl don fhoireann agus dosna dhaltáí an tábhacht a bhaineann le bearta maithe anála chun scaipeadh an víris a chosc?
- Seachain do lámha a chur ar d'aghaidh, do shúile, do shrón agus do bhéal
 - Bain úsáid as ciarsúir nó d'uilinn agus tú ag casacht nó ag sraothartach
 - Cur ciarsúir i mbosca bruscar clúdaithe

Scaradh Sóisialta:

39. Ar aithin tú an spás scoile ar fad atá ar fáil chun scaradh sóisialta a uasmhéadú?
40. An ndearna tú athbhreithniú ar na teimpléid a chuir an Roinn Oideachais ar fáil a thaispeánann roghanna maidir le leagan amach seomraí scoile chun riachtanais scaradh sóisialta a bhaint amach?
41. An ndearna tú socruithe chun leagan amach agus troscáin na seomraí a athrú de réir teoracha na Roinne, más gá?
42. An ndearna tú socruithe chun go mbeadh deasc an mhúinteora 1m ar a laghad agus 2m ar shiúl ó deasca na ndaltaí más féidir?
43. An ndearna tú socruithe chun go mbeadh na daltaí i ngach seomra ranga 1m ar a laghad óna chéile más féidir?
44. An ndearna tú socruithe chun go mbeadh stáisiúin oibre a thabhairt ar bhonn comhsheasmhach do na baill foirne agus leanaí céanna in áit spásanna a bheith ann atá comhroinnte.?
45. An bhfuil tú tar éis dhaltáí agus a múinteoirí a struchtúrú i mBoilgeoga Ranga (ie grúpáil ranga a fhanann scartha ó ranganna eile a oiread agus is féidir) agus foghrúpaí nó "Meithleacha" laistigh de na boilgeoga ranga sin nuair a bhíonn sé seo praiticiúil?
46. Má dhéantar an rang a roinnt ina Meithleacha, an ndearna tú cinnte go mbeadh 1m ar a laghad idir Meithleacha éagsula sa bhoilgeog ranga agus idir na daoine sa Mheitheal más féidir?
47. An ndearna tú socruithe chun teagmháil agus comhroinnt áiseanna comónta a theorannú idir daoine i mBoilgeoga Ranga áirithe (agus Meithleacha laistigh de na Boilgeoga Ranga sin) a oiread agus is féidir,?
48. An ndearna tú socruithe ionas go mbeidh an méid daoine sna Meithleacha éagsula chomh beag agus is dóigh a bheidh réasúnta praiticiúil i gcomhthéacs an tseomra ranga atá i gceist?
49. An ndearna tú socruithe ionas go mbeidh na daltaí agus an fhoireann teagaisc sna Boilgeoga Ranga céanna go comhsheasmhach, ag admháil nach mbeifear in ann é sin a dhéanamh i gcónaí?
50. An ndearna tú socruithe go mbeadh sosanna agus amanna lóin faoi leith nó áiteanna faoi leith ag Boilgeoga Ranga éagsula ag am sosa nó béile, nuair is féidir?

51. An ndearna tú socrúithe chun teorann a chur le hidirghníomhaíocht ar theacht agus imeacht ón scoil agus i limistéir chomhroinnte eile?
52. Ar mhol tú siúl nó rothaíocht chun na scoile a oiread agus is féidir?
53. An ndearna tú socrúithe chun pointí iontrála breise chun na scoile a oscailt oiread agus is féidir, ionas go d'fhéadfadh plódú a laghdú?
54. An bhféidir leat córas aon bealach le haghaidh dul isteach agus amach as an scoil a shocrú, nuair is féidir?
55. An ndearna tú socrúithe le haghaidh cruinnithe foirne a reáchtáil ó chian nó i ngrúpaí beaga nó i spásanna móra chun scaradh sóisialta a éascú?
56. An bhfuil córas i bhfeidhm agat chun an fhoireann agus na daltaí a mheabhrú maidir le scaradh sóisialta a cleachtadh?
57. Ar chur tú in iúl don fhoireann nach cheart dóibh lámh éinne eile a chroitheadh agus go cheart dóibh aon teagmháil fhisiciúil a sheachaint?
58. Ar chuir tú comhairle ar bhaill foirne faoi threoir na Roinne maidir le haeráil mhaith
59. An ndearna tú aon chórais aerála meicniúla a sheiceáil lena chinntiú go n-úsáidtear soláthar leordhóthanach d'aer úr

Cuairteoirí chun na Scoile

60. Ar aithin tú na gníomhaíochta lena mbaineann idirghníomhú le cuairteoirí riachtanacha ar an scoil agus an ndearna tú socrúithe chun líon na gcuairteoirí siúd a íoslaghdú agus bearta a chur i bhfeidhm chun teagmháil fhisiciúil a chosc, oiread agus is féidir?
61. An ndearna tú socrúithe chun na bearta atá ann chun an scaipeadh ionfhabhtaithe a chosc a chur in iúl do chuireoirí riachtanach?
62. An bhfuil córas i bhfeidhm agat do gach cuairteoir ar gá dóibh teacht chun na scoile chun coinne a dhéanamh, socrú chun dul i dteagmháil le pointe lárnach agus a gcuart a thaifeadadh ag úsáid an logleabhar teagmhála?

Aguisín 7 Seicliosta chun Déileáil le Cás Amhrasta do COVID-19

Ní mór don fhoireann déileáil le cás amhrasta de réir an prótacal agus an traenáil.

Ainmneofar ball ainmnithe d'fhoireann bainistíochta na scoile mar an duine teagmhála ainmnithe lena chinntiú go gcloítear le gach gné den phrótacal chun déileáil le cásanna amhrasta.

Ionad Leithlise

1. Ar aithin tú áit a d'fhéadfadh a úsáid mar ionad leithlise, áit le doras a d'fhéadfadh dúnadh ach is fearr?
2. Ní gá don ionad leithlise bheith ina sheomra faoi leith, ach sa chás nach seomra í ba cheart go mbeadh an ionad 2m i bhfad óna daoine eile sa sheomra.
3. An áit insroichte do bhaill foirne agus daltaí faoi mhíchumas é an t-ionad leithlise ?
4. An bealach insroichte do bhaill foirne agus daltaí faoi mhíchumas é an bealach go dtí an t-ionad leithlise?
5. An bhfuil plean teagmhais agat chun déileáil le níos mó ná cás amhrasta amháin do COVID-19?
6. An bhfuil na rudaí seo a leanas ar fáil san ionad leithlise?
 - Ciarsúir
 - Díghalrán Lámh
 - Díghalrán/Ciarsúir
 - Lámhainní/Maisc
 - Málaí Bruscar
 - Boscaí Bruscar

Duine a Leithlisiú

7. An bhfuil córas i bhfeidhm chun an duine tinn a thabhairt ar an mbealach leithlise go dtí an ionad leithlise, agus iad ag cleachtadh scaradh sóisialta an t-am ar fad?
8. An bhfuil an fhoireann ar an eolas faoin gcóras seo?
9. Ar tugadh comhairle do dhaoine eile 2m ar a laghad a choinneáil amach ón duine a bhfuil ionfhabhtú air i gcónaí?
10. An bhfuil maisc indiúscartha ar fáil don duine tinn agus iad sa limistéir comónta agus iad ag filleadh abhaile?

Ag déanamh socruithe le haghaidh filleadh abhaile an duine tinn

11. Foireann- an fhiafraigh tú an mbraitheann na baill foirne maith go leor chun filleadh abhaile?
12. Dalta - an ndeachaigh tú i dteagmháil gan mhoill lena dtuismitheoirí/caomhnóirí agus an dearna tú socrú dóibh a bpáiste a bhailiú? Ní féidir le dalta in imthosca ar bith

iompar poiblí nó scoile a úsáid chun taisteal abhaile má tá amhras ann gur cás de COVID-19 é/í.

13. Ba chóir moladh a thabhairt don dhuine tinn gan a lámha a chur ar daoine eile, dromchlaí nó rudaí.
14. Ba chóir comhairle a thabhairt don duine le comharthaí COVID-19 a bhéal agus a shrón a chlúdach le ciarsúir indiúscartha agus iad ag casacht nó ag sraothartach, agus an ciarsúir a chur sa bhosca bruscar.
15. Má thug an dochtúir comhairle don dhuine imeacht abhaile nó go dtí ionad measúnachta, ar shocraigh tú síob don dhuine tinn?
16. Ar mholtar don dhuine tinn nach cheart dóibh dul go dtí obráid a dhochtúir nó chuig aon chógaslann nó ospidéal?
17. Ar mholtar don dhuine tinn nach cheart dóibh an córas iompar poiblí a úsáid?
18. Ar mholtar don dhuine tinn leanúint ar aghaidh ag caitheamh an maisc go dtí go bhfillleann siad abhaile?

larchúram

19. An ndearna tú measúnú ar an eachtra chun aon ghníomh atá le déanamh a ainmniú?
20. An bhfuil tú ar fáil chun comhairle agus cabhair a thabhairt don FSS má iarrtar ort?

Glantóireacht

21. Ar bhain tú an ionad leithlise as úsáid go dtí go ndearnadh é a ghlanadh agus a dhíghalrú?
22. An ndearna tú socruithe chun aon seomra ranga ina raibh an fhoireann nó daltaí a ghlanadh agus a dhíghalrú?
23. An ndearna tú socruithe chun an ionad leithlise agus aon áiteanna eile a raibh in úsáid a ghlanadh agus a dhíghalrú chomh luath agus is féidir tar éis an duine tinn a bheith fillte abhaile?
24. Ar cuireadh oiliúint ar na glantóirí chun déileáil le limistéir éillithe agus ar soláthraíodh an TCP cuí dóibh?).

Aquisín 8 Seicliosta an Phríomhionadaí Oibrithe

1. An bhfuil tú tar éis aontú le do scoil chun feidhmiú mar Príomhionadaí Oibrithe don scoil? (*Beidh an próiseas maidir le comhaontú ar príomhionadaí oibrithe sna scoileanna á chomhaontú ar bhonn lárnach agus á chur i bhfeidhm ar bhonn áitiúil*).
2. An gcuirtear eolas agus oiliúint ar fáil duit maidir le ról an phríomhionadaí oibrithe? (*Tá traenáil don ról seo i mbun forbartha leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta*).
3. An bhfuil tú ag coimeád ar an eolas maidir leis na treoracha is déanaí ón Rialtas maidir le COVID-19?
4. An bhfuil tuiscint agat ar chomharthaí COVID-19??

5. An dtuigeann tú conas a scaipeann an víreas??
6. An dtuigeann tú conas mar a bhféidir leat cabhrú chun bac a chur le scaip COVID-19?
7. Roimh filleadh ar ais ar scoil an bhfaca tú an Traenáil Ionduchtaithe ar líne a chur an Roinn Oideachais ar fáil agus ar thuig tú é?
8. An bhfuil tú ag cabhrú le do chomhoibrithe chun coimeád ar an eolas maidir leis na teoracha is déanaí ón Rialtas maidir le COVID-19?
9. An bhfuil tú tar éis an Foirm um Réamh-fhilleadh ar an Obair a líonadh isteach agus a thabhairt don scoil? *(Tá teimpléad d'Fhoirm um Réamh-fhilleadh ar an Obair ar fáil ón Roinn)*
10. An bhfuil tú ar an eolas maidir leis na bearta smachta atá curtha i bhfeidhm ag do scoil chun baol nochta do COVID-19 a laghdú duitse agus do dhaoine eile? *(Tá Seicliosta do Bhainistíocht na Scoile ar fáil)*
11. An ndeachaigh do scoil i mbun comhairle leat maidir le bearta smachta a chur i bhfeidhm? *Aontaíodh an Roinn agus a pháirtithe oideachais ar bhearta smachta ar bhonn lárnach. Ba chóir go mbeadh comhairliúchán ar bhonn na scoile faoi aon socruithe áitiúil a bhfuil de dhíth chun an bearta a chur i bhfeidhm.*
12. An bhfuil tú in ann dul i gcumarsáid go rialta leis an duine a bhfuil freagrach do phlean COVID-19 na scoile?
13. An bhfuil tú ag obair le do scoil chun na bearta smachta a chaomhnú?
14. An bhfuil tú ar an eolas maidir leis na riachtanais glantóireachta le haghaidh traséilliú a sheachaint? *(Tá Seicliosta Glantacháin agus Díghalrú ar fáil)*
15. An iarrtar ort siúil timpeall agus cinntiú go bhfuil na bearta smachta i bhfeidhm?
16. An dtugann tú tuairisc gan mhoill maidir le aon fadhbanna, áiteanna ina bhfuil easpa comhlíonadh nó lochtanna don duine a bhfuil freagrach do phlean COVID-19 na scoile?
17. An bhfuil taifead á choimeád agat ar aon fadhbanna, áiteanna ina bhfuil easpa comhlíonadh nó lochtanna agus ar na gníomhaíochtaí a thugtar fúthu chun na fadhbanna a réitiú?
18. An bhfuil fhios agat cad ba cheart a dhéanamh i gcás go mbeadh duine sa scoil ag taispeáint na comharthaí do COVID-19 agus iad ar scoil?
19. An bhfuil tú ag obair le do scoil chun ionad leithlise agus bealach sácháilte go dtí an ionad leithlise a aimsiú? *(Tá Seicliosta faoi bheith ag Déileáil le Cás Amhrasta do COVID-19 ar fáil)*
20. An chabhraíonn tú le maoirseacht a dhéanamh ar dhuine sa scoil a bhfuil ag taispeáint na comharthaí do COVID-19 agus iad ar scoil?
21. An gcabhraíonn tú leis an meastóireacht ar cén gníomhaíochtaí leantach a bhfuil de dhíth tar éis filleadh abhaile an duine tinn?
22. An gcabhraíonn tú leis an logleabhar teagmhála a chothabháil?
23. An bhfuil tú ar an eolas faoi aon athruithe a ndéantar ar phlean éigeandála nó nósanna imeachta garchabhrach na scoile?

- 24.** An ndéanann tú cinnte go bhfuil tusa ar fáil chun éisteacht le aon buarthaí nó moltaí a bhfuil ag an bhfoireann maidir le bearta smachta COVID-19?
- 25.** An labhraíonn tú le do scoil faoina buarthaí nó moltaí seo agus an mbíonn tú ag labhairt leis an oibrí a d'ardaigh an ceist maidir leis an bhfreagra?
- 26.** An bhfuil fhios agat maidir leis an gclár "Wellbeing Together" de chuid Spectrum Life?

Aguisín 9 - Seicliosta Glantacháin

1. An bhfuil córas i bhfeidhm agat chun coimeád suas leis an gcomhairle shláinte poiblí is déanaí ón Rialtas agus ón Roinn Oideachais, ionas go mbeadh na treoracha ar fáil in am chun do nósanna ghlantacháin a athrú de réir na treoracha?
2. An bhfuil athbhreithniú déanta agat ar chomhairle eatramhach sláinte an LFCS maidir le hathoscailt shábháilte scoileanna, go háirithe **Roinn 5.6 Sláinteachas Comhshaoil?**
3. Ar mhíniú tú don bhfoireann cén fáth a bhfuil gá don chóras ghlantacháin breisithe?
4. An dtuigeann tú gurb é an modh ghlantacháin is fearr ná glantach ilchuspóireach, uisce te, éadaí ghlan agus mapaí a úsáid agus an gníomh meicniúil a bhaineann le cuimilt agus ag glanadh agus ansin le bheith ag sruthlú agus ag triomú?
5. An bhfuil dóthain ábhair ghlantacháin ar fáil chun tacú leis an gcóras glantóireachta breisithe?
6. Ar chur tú oiliúint breise ar fáil don fhoireann glantóireachta faoin gcóras glantóireachta breisithe?
7. An ndearna tú socrúcháin le haghaidh folmhú rialta agus sácháilte na mboscaí bruscair?
8. An bhfuil tú ar an eolas faoina roghanna ghlantacháin sa chomhairle eatramhach sláinte an LFCS do scoileanna maidir le dromchlaí, leithris, trealamh glantóireachta, TCP agus bainistíocht dramhaíola?
9. An bhfios duit go chóir gach scoil a ghlanadh uair amháin sa lae?
10. Ar chur tú ábhar ghlantacháin ar fáil don fhoireann ionas go bhféidir leo a mbinse nó spás oibre féin a ghlanadh?
11. Ar chur tú in iúl don fhoireann go bhfuil an freagracht orthu nithe pearsanta a thugadh chun oibre agus a láimhseálfar i mbun oibre nó i rith sosanna (mar shampla fón póca agus ríomhairí glúine) a ghlanadh, agus nach cheart dóibh iad a chur síos ar dhromchlaí chomhchoiteanna nó beidh orthu an dromchlaí a ghlanadh nuair a bhaineann siad an earra pearsanta?
12. Ar thug tú comhairle don fhoireann agus dosna daltaí nach cheart dóibh comhroinnt a dhéanamh ar nithe ar nós cupáin, buidéal, sceanra agus pinn?
13. Ar chur tú sceideal ghlantacháin scríofa ar fáil don fhoireann glantóireachta, leis na nithe seo a leanas san áireamh:
 - Rudaí agus áiteanna le ghlanadh
 - Minicíocht Ghlantacháin
 - Ábhar ghlantacháin le úsáid
 - Dromchlaí a ndéantar teagmháil leo go minic amhail measíní díola, measíní caife agus hanlaí dorais
 - Trealamh le h-úsáid agus modh oibríochta?
14. Tá sonraí faoi conas ba cheart glanadh a dhéanamh tar éis cás amhrasta do COVID-19 ar fáil i **gCuid 7 don Plean thuas**

- 15.** Dá mbeadh gá le díghalrú a dhéanamh ar dhromchlaí éillithe an bhfuil córas ann chun é a dhéanamh?
- 16.** Dá dtugadh comhairle don fhoireann glantóireachta lámhainní a chaitheamh agus iad i mbun glanadh, an bhfuil fhios acu go bhfuil gá a lámha a ní go críochnúil le gallúnach agus uisce roimh agus tar éis na lámhainní a chaitheamh?
- 17.** An bhfuil córas i bhfeidhm agat le fáil réidh le dramhaíl phearsanta amhail éadaigh glantóireachta agus ceirtíní úsáidte i mála bruscair? Molann an Prótacal *go cuirtear bruscar ar nós bruscar glantóireachta, ciarsúir srl i mála dúbailte agus ansin go cuirtear é in áit sácháilte ar feadh 72 uair roimh é a chur sa ghnáth-bhailiúchán bruscar.*
- 18.** An ndearna tú cinnte go bhfuil córas i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil trealamh ghlantacháin in-athúsáidte ar nós cinn mapaí agus éadaí neamh-indiúscartha glan sula ndéantar iad a athúsáid?
- 19.** An ndearna tú cinnte go bhfuil córas i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar trealamh cosúil le buicéid a fholmhú agus a ghlanadh le tuaslagán úr de dhíghalrán sula ndéantar é a athúsáid?